D'oibrigh an Oifig Chomhaontais le Rannóga eile sa Chomhairle le linn na bliana go háirithe an Rannóg um Maoin agus Páirceanna Oidhreachta, trí pháirt a ghlacadh sa Choiste Comhairleach Oidhreachta. Chuir an Oifig comhairle ar fáil maidir le bainistiú na Struchtúr Stairiúil agus na Struchtúr faoi Chosaint atá faoi úinéireacht na Comhairle. Ghlac an Oifig páirt freisin san Fhóram Oidhreachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Oidhreachta agus ar ghrúpaí stiúrtha roinnt Tionscadal eile a bhaineann leis an bPlean Oidhreachta lena n-áirítear:

- Structural Assessment of Fingal-County-Council-Owned Monuments;
- An taispeántas Martello Towers of Dublin

Ceapadh sainchomhairleoirí chun pleananna caomhantais a ullmhú le haghaidh Chaisleáin  Bhrí Mhór agus Shord.

Ghlac an Oifig Chaomhantais páirt sa Traditional Building Skills Show ag Farmleigh i mí Lúnasa, arna eagrú ag Cumann Seoirseach na hÉireann.

## PLEANÁIL AGUS DEARADH UIRBEACH

**Tuarascálacha Ailtireachta –**

Scríobh an Rannóg tuarascálacha maidir le hábhar ailtireachta i ndáil le roinnt forbairtí príobháideacha suntasacha sa Chontae agus ghlac páirt i gcruinnithe pleanála ar iarratas ón Rannóg Pleanála.

## PROJECTS OFFICE

Tá Oifig na dTionscadal freagrach as soláthar mórthionscadal uisce agus fuíolluisce chun freastal ar riachtanais fhadtéarmacha an Chontae agus an Réigiúin.



- Síneadh le Saoráid Fuíolluisce Léim an Bhradáin – Bronnadh an conradh sa bhliain 2011. Bhí tús le cur le tógáil i mí Eanáir 2012.
- Conradh do Líonra Bhaile Bhrigín-Na Sceirí– Conradh amháin faighte, faomhadh le dul chun cinn chuig tógáil eadhon, Stáisiún Caidéalaithe an Rois – Na Sceirí. Faomhadh cead pleanála agus tá na doiciméid chonartha á n-ullmhú.
- Scéim Chóireála Fuíolluisce Phort Reachrann -Domhnach Bat -An Rois & Lusca– Conradh DBO – Tá an tSaoráid Chóireála beagnach i gcrích. Le bheith i gcrích i R2 - 2012
- Scéim Chóireála Fuíolluisce Phort Reachrann -Domhnach Bat -An Rois – Conarthaí Líonra – Bronnadh an chéad cheann de 12 chonradh i mí Dheireadh Fómhair 2011. F an Chaineáil & Bóthar an Ghainimh sa Ros agus ba chóir go mbeadh seo i gcrích faoi R3 – 2012.
- Scéim Dhraenála Réigiúnach Bhaile Bhlainséir – Beidh soláthar athchóiriú agus monatóirí buana sreafa Liffey Siphon i gcrích i 2012.
- Síneadh SCFU Shord – Cuireadh i gcrích an Measúnú Tairisceana di 90,000 P.E. i R4 – 2011. Níl an conradh bronnta fós
- Scéim Daingnithe Shord Thuaidh – Halla na Leasáin chuig Baile Shiurdáin. Tá oibreacha ar an suíomh i gcrích. Tá Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae Fhine Gall ag feitheamh le tuarascáil faoi Chuntas Deiridh ó Nicholas O'Dwyer Consulting Engineers.
- Scéim Thaiscumair Mhullach Íde SLI – Bhí moill le haistriú talún don suíomh chuig úinéireacht na Comhairle. Tá na doiciméid chonartha beagnach i gcrích.
- Scéim Soláthair Uisce Bhaile Bhrigín Céim 1 SLI – Cuireadh tús le hoibreacha ar an suíomh an 28 Samhain 2011. Is iad Jons Civil Engineering an príomhchonraitheoir agus is iad O'Connor Sutton Cronin na hInnealtóirí Comhairleacha. Meastar go mbeidh sé i gcrích faoi dheireadh Mheán Fómhair 2012.
- Tionscadal Caomhantais Uisce PRV – Tá figiúr de €500,000 ar an 2010-2012 WSIP. Cheadaigh an RCORA maoiniú de €215,000 le haghaidh Chéim 1 den PRV i lár na bliana 2011. Tá sé beartaithe tús a chur le suiteáil PRV i 3ú Ráithe 2012 a dhéanfaidh conraitheoir creatlaí arna fhostú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá sonraí á dtiomsú ag an Rannóg i gComhairle Contae Fhine Gall a bhíonn ag plé le sceitheadh, le haghaidh chéim 2 den chlár PRV.
- Clár Caomhantais Uisce – Figiúr de €4.667 milliún sa 2010-2012 WSIP. Rinneadh iarratas do chéimeanna 1 agus 2 den suíomh uisce i mí Mheán Fómhair 2011. 1 le déanamh ag conraitheoir creatlaí CCBÁC. Tá Céim 2 idir lámha faoi láthair agus foireann Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall sa mhéid go bhfuil sé ina gclár reatha oibreacha. Tá oibreacha 90% in-aisíoctha.

- Athsholáthar ar Phríomhphíobán Uisce Chill Sheáin- Glebe (3 chonradh ar leithligh) – 95% críochnaithe faoi dheireadh 2011. Cuireadh tús leis an gconradh deiridh do Thimpeallán Chrois an Bharda i mí na Samhna 2011 agus ba chóir go mbeadh sé i gcrích i mí Bealtaine 2012.

- Scéim Feabhsúcháin Phríomhphíobán Uisce Shord– 5.3Cm de shíneadh 30" príomhphíobhán coincréite le feabhsú le líneáil nó é a athsholáthar ar fad. Cuireadh an réamhdhearadh i gcrích sa bhliain 2011. Cuireadh isteach an PR chuig an RCORA in éineacht le Deimhniú Teicniúil agus Buiséad don scéim. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil i R4/2012.

- Dúbailt Phríomhphíobán Uisce Bhaile Cúlann – Baile an Rí – 7Cm de phríomhphíobán 900mm – Cuireadh Roghnú bealaigh, Tuarascáil Theicniúil agus Buiséad isteach sa bhliain 2011 chuig an RCORA le haghaidh faofa chun go bhféadfaí dul ar aghaidh chuig céim thógála WSIP. Tá faisnéis faoin dearadh agus buiséad chuig Céim 3 le cur isteach.

- Scéim Soláthair Uisce Bhinn Éadair (céimeanna pleanála WSIP) – Cuireadh an scéim seo san áireamh sa WSIP ag céim an Athbhreithniúcháin sa bhliain 2011. Tá an Buiséad agus an Fhaisnéis Dearaidh fós le forbairt. I Réamhthuarascáil Athbhreithniúcháin Dearaidh a rinne NOD sa bhliain 2001 sainaithníodh na hoibreacha riachtanacha. Sa mhéid nach raibh aon athruithe suntasacha sa chóras soláthair uisce ní mheastar go mbeidh aon ghá le hathbhreithniúchán dearaidh.

- Scéim Soláthair Uisce Barda – Príomhphíobán Chill Sheáin- Glebe –Tá an scéim seo, atá ina chuid den Scéim Barda WSS, á sholáthar faoi chonarthaí éagsúla le Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Cuireadh dhá chonradh i gcrích, agus tosaíodh an tríú conradh i mí na Samhna 2011.

## AN OIFIG DEARAIDH

Tá an Oifig Dearaidh freagrach as dearadh agus soláthar an bhonneagair seirbhísí uisce, lena n-áirítear soláthar uisce, scéimeanna draenála agus faoiseamh i gcás tuilte, chun freastal ar riachtanais leanúnacha an Chontae.

### Tionscadail Reatha

- Príomhchraobh píobáin Bhaile Cúlann (Baile Cúlann/Baile an Rí) – Cuireadh isteach an roghnú bealaigh agus an buiséad beartaithe chuig an RCORA le go ndéanfaí iad a fhaomhadh.

- Stáisiún Caidéalaithe Sheantrabh – Cuireadh i gcrích dearadh sonrach stáisiún caidéalaithe Sheantrabh sa bhliain 2011. Mar thoradh ar athrú ar thoise agus ar leagan amach an stáisiún pumpála tar éis dearadh sonrach a dhéanamh is gá iarratas leasaithe Chuid VIII a dhéanamh. Tá Measúnú Cuí scagthástála á ullmhú le haghaidh an iarratais leasaithe Chuid VIII agus cuirfear seo faoi bhráid na bpáirtithe cuí i R1 – 2012.

- Scéim Séarachais Chlochráin – Cuireadh isteach dearadh sonrach sa bhliain 2011. Tá na Doiciméid Tairisceana ag feitheamh ar fhaomhadh deiridh ESB agus na n-úinéirí talún. Ba chóir go dtosófaí ar an tógáil i R3 – 2012 agus go mbeidh sé i gcrích sa bhliain 2013.

- Staidéar um Measúnú agus Bainistiú Riosca Tuilte Fhine Gall agus na Mí Thoir (FEMFRAMS) Cuireadh i gcrích an Tuarascáil Theicniúil deiridh, agus an Dréachtphlean um Bainistiú Riosca Tuilte sa bhliain 2011.

# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ UISCE

## AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

Tá an Rannóg Oibríochtaí freagrach as bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar líonraí uisce agus fuíolluisce agus ar ionaid chóireála sa Chontae.

- Scéim Séarachais Bhaile an Rólaigh - Cuireadh i gcrích an dara céim den scéim seo sa bhliain 2010 agus lean oibreacha aischuir le linn 2011 agus cuirfear iad i gcrích i R1 - 2012.

**Soláthar Uisce:**

Tá dhá ionad cóireála ag Comhairle Contae Fhine Gall ag Léim an Bhradáin agus ag Portach na Roinne a tháirgeann comhiomlán de 170 milliún lítear d'uisce óil cóireáilte gach lá. Déantar an líonra uisce a bhainistiú trí chóras réigiúnach teiliméadrachta, a sheolann eolas maidir le leibhéil taiscumair, sreabhadh agus brúnna ó chian-suíomhanna. Tá ról lárnach ag an gCóras Faisnéise Geografaí Réigiúnach (CFG) agus ag an gCóras Teiliméadrachta i mbainistiú an líonra dáilte uisce. Déantar uisce a thástáil go rialta ag gach céim den phróiseas cóireála agus tríd an gcóras dáileacháin chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin Eorpacha agus Náisiúnta maidir le huisce óil.

**Bristí agus sceitheadh don bhliain 2011**

| Líon na mBristí | Limistéar 1 Baile Bhrigín/ Sord | Limistéar 2 Mullach Eadrad/ Caisleán Cnucha | Limistéar 3 Mullach Íde/ Sord | Líon na mBristí sa bhliain 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán na mbristí don bhliain | 169 | 15 | 31 | 215 |
| Líon iomlán na sceití don bhliain | 283 | 150 | 174 | 607 |

- Forbraíodh córas chun sceití a rianú in Eastáit nár tógadh i gCúram chomh maith le taobhsceití príobháideacha. Eisíodh breis is 100 litir rabhaidh maidir le sceitheadh agus 20 Fógra a seirbheáladh faoi Alt 54. Bhí freagra suntasach ar an tionscnamh seo.

**Uisce agus Séaraigh a Tógadh sa bhliain 2011**

| Cuid | Fad (m) |
|---|---|
| **Príomhphíobhán** | |
| Saothar díreach CCFG | 9600 |
| Creatlacha Tógála Líonra | 9400 |
| Conraitheoir | 14770 |
| Tionscadal Rehab | 3050 |
| IOMLÁN | 36,820 |
| **Séaraigh** | |
| Séarach Bréan sna Sceirí | |

# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ UISCE

- Forbraíodh Sonraí Caighdeánacha le haghaidh Dearadh Uisce.
- Forbraíodh Comhaontú Nua Creatlaí agus beidh sin ullamh le húsáid faoi dheireadh Eanáir 2012.

### Gléasra agus Trealamh Uisce

- Tógadh stáisiún caidéalúcháin ag Taiscumar Bhaile an Choitrealaigh
- Tógadh 80% den stáisiún nua caidéalúcháin ag Cill Sheáin
- Suiteáladh stáisiúin nua dáileogacha clóirín ag Cill Shalcháin, Baile an Choitrealaigh, Cois Bá, Halla na Leasáin agus Baile Thomáis (80% críochnaithe)
- Suiteáladh Anailíseoirí Nua Clóirín ag Baile an Choitrealaigh, An Seanbhaile An Aill and Na Sceirí
- Suiteáladh deisiúcháin ionaid OSEC agus córas bunúsach práinne clóirínithe

### Cáilíocht an Uisce

- Cuireadh i gcrích tionscadal sainaitheanta luaidhe agus fuarthas nach raibh aon phíobán seirbhís luaidhe ann chomh fada siar le 1950
- Monatóireacht Cáilíochta uisce chun eolas ar líne a chur ar ais trí mheán na teil-iméadrachta
- DWIRP ullamh le go nglacfaí leo agus tá Plean Sábháilteachta DW ar bun

### Sláinte & Sábháilteacht

- Chruthaigh an Fhoireann S&S treoirlínte agus measúnuithe riosca iomchuí do na tascanna laistigh d'Oibríochtaí Uisce agus Draenála

# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ UISCE

## SEIRBHÍSÍ DRAENÁLA

Feidhmíonn an Chomhairle dhá cheann de shaoráidí cóireála fuíolluisce ag Sord agus Mullach Íde agus déanann oibreoir príobháideach Ionad Bharr na gCaorach, a fhreastalaíonn ar Bhaile Bhrigín agus Na Sceirí, a fheidhmiú ar son na Comhairle. De bhreis air sin, feidhmíonn an Chomhairle roinnt ionad cóireála níos lú a fhreastalaíonn ar Phort Reachrann agus ar shráidbhailte níos lú. Déantar fuíolluisce ó limistéar Bhaile Bhlainséir a chóireáil ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa Rinn. Tá an Rannóg Draenála freagrach as soláthar agus cothabháil na saoráidí cóireála fuíolluisce agus na gcóras bailiúcháin fuíolluisce.



**Príomhnithe a baineadh amach sa bhliain 2011**

- Leanadh le clár cothabhála coisctheach sa bhliain 2011 ag spriocdhíriú ar líonra Mhullach Íde
- Ceadúnais doirte le haghaidh ceirtleán don Ros agus Lusca faighte ón GCC.
- Fuarthas Deimhniúcháin Údaráis le haghaidh cheirtleáin níos lú i mBaile an Gháire agus san Aill ón GCC.
- D'eisigh an GCC Ceadúnas Doirte le haghaidh Cheirtleán Mhullach Íde sa bhliain 2011. Cuireadh iarratas isteach chuig an GCC chun athbhreithniú a dhéanamh ar Cheadúnas Phort Reachrann – Domhnach Bat chun freastal ar an Ros agus Lusca chuig an gceirtleán agus tá ICFU nua á thógáil ag Port Reachrann
- D'eisigh an GCC Deimhniúcháin Údaraithe i ndáil le ceirtleáin na n-áiteanna seo: An Seanbhaile, Baile Bachaille, Iostáin an Bhaile Nua, Iostáin na Boithe Fuaire agus Iostáin Thuirbhe.

# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ UISCE

## AN RANNÓG UM SHAOTHAR DÍREACH

Tá an Rannóg um Shaothar Díreach freagrach as bonneagar nua nó athsholáthair a chur ar fáil go díreach nó trí chonraitheoirí ón gComhaontú Creatlaí.

**Príomhnithe a baineadh amach sa bhliain 2011**

- Rinneadh athsholáthar do tuairim is 12.75Cm de phríomh-phíobháin sa Chontae sa bhliain 2011 trí scéimeanna beaga uisce a rinne foireann CCFG agus trí scéimeanna móra a rinne conraitheoirí ón gComhaontú Creatlaí.
- Athchóiríodh Taiscumar Bhaile an Choitrealaigh agus cuireadh i gcrích atógáil Stáisiún Caidéalúcháin Bhaile an Choitrealaigh.
- Rinne foireann saothair dhírigh dhá Ionad le Comhlaí Laghdaithe Brú a thógáil.
- Rinneadh céim dheireanach den phríomhphíobáin caidéalúcháin ó Thaiscumar Bhaile Shiurdáin chuig Taiscumar Chnocán an Alabhóidigh a athsholáthar sa bhliain 2010, rud a chiallaíonn go bhfuil gach cuid den phríomhphíobán straitéiseach seo athnuaite anois.
- Cuireadh i gcrích na hoibreacha deireanacha sa séarach bréan ar Sheanbhóthar an Aerfoirt. Is éard a bhí i gceist leis sin ná séaraigh nua bailiúcháin a shuiteáil agus naisc a sholáthar chuig tithe agus chuig Eastát Tionsclaíoch amháin.



# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ UISCE

## AN RANNÓG RIARACHÁIN

Tá an Rannóg Riaracháin freagrach as bainistiú a dhéanamh ar phrótacal cumarsáide na Seirbhísí Uisce, as bainistiú airgeadais sa rannóg agus as tacaíocht riaracháin a sholáthar d'Oibríochtaí agus do Thionscadail na Seirbhísí Uisce.

**Príomhnithe a baineadh amach sa bhliain 2011**

- Sa bhliain 2011 próiseáladh 120 iarratas ar naisc uisce agus séaraigh.
- San iomlán déileáladh le 60 ceist, 41 rún agus 1 mhír cheannteidil ag cruinnithe Comhairle/Coiste
- Le linn 2011 cuireadh feabhas ar úsáid Shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall agus Aertel chun eolas chun dáta a sholáthar maidir le héaradh seirbhíse uisce ar bhonn 24/7. Tá seirbhís ar fáil freisin mar a n-eisítear ríomhphost le haghaidh éaradh beartaithe nó faidréireach uisce i.e. breis is 4 huaire an chloig. Chomh maith leis sin, eisíonn an Oifig Chumarsáide fógraí chuig an bpreas agus chuig na meáin raidió agus trí mheán Twitter. Mar thoradh bhí laghdú suntasach ar an trácht teileafóin. Cuireadh seirbhís téacs ar bun ar bhonn píolótach le haghaidh áitritheoirí na hAille (iadsan a chláraigh le téacsanna a fháil) chun eolas chun dáta a fháil maidir le héaradh seirbhíse uisce/laghdú brú le linn athchóiriú an phríomhphíobáin uisce
- Eisíodh 4 phreaseisiúint fhoirmiúla sa bhliain 2011, go príomha ag baint le hábhair faoi oibreacha pleanáilte agus ag leagan béime freisin ar an teachtaireachta a bheith á cur amach gur chóir uisce a chaomhnú. 4 D'eisigh an Oifig Chumarsáide roinnt mhaith preaseisiúintí le linn na bliana.
- San iris The Fingal News (4 heagrán le linn 2011) bhí 6 alt a bhain le huisce.
- Sholáthair Seirbhísí Uisce bileog eolais dar teideal "A Guide to Water Services & Water Conservation" le linn 2011. Tá cóip chrua den bhileog seo ar fáil ag gach Oifig de chuid na Comhairle agus i Leabharlanna agus is féidir leagan pdf a fháil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall.

# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ UISCE

## AN COISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH

Tháinig an Coiste Polasaí StraitéisIGH (C.P.S.) maidir leis a gComhshaol le chéile ceithre huaire sa bhliain 2011. Ar an gcoiste seo tá Baill Thofa den Chomhairle agus ionadaithe ó leasanna éagsúla Earnála lena n-áirítear I.B.E.C., I.F.A. agus ionadaithe ón bhFóram Pobail agus Deonach.

An príomhról atá ag an C.P.S. ná forbairt agus breithniú a dhéanamh ar thionchar polasaí, a atreoraítear ansin chuig cruinniú iomlán den Chomhairle Contae le haghaidh faofa.

## PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA/SEIRBHÍSE NÁISIÚNTA

**% de phríomhphíobáin uisce briste agus soláthar uisce curtha ar ais laistigh de**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| 12 Uair | 95% | 91.2% | 89% | 98.5% |
| 24 Uair | 4% | 3.15% | 2.5% | 0% |
| Níos mó ná 24 Uair | 1% | 5.65% | 8.5% | 1.5% |

**% de shamplaí uisce ag comhlíonadh na Rialachán um Uisce Óil**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Léim an Bhradáin | 100% | 100% | 100% | 100% |
| Portach na Roinne | 100% | 100% | 100% | 100% |
| Líonra Dáileacháin | 100% | 100% | 100% | 100% |

**Leibhéil an Uisce gan Tásc (UGT)**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| UGT | 21.62% | 27.35% | 31.98% | 33.76 |

**% de chomhlíonadh na Rialachán um Chóireáil Fuíolluisce Uirbeach**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| ICFU Shord | 71.80% | 77.30% | 79.48% | 95.4% |
| ICFU Mhullach Íde | 78.85% | 81.76% | 94.5% | 96.4% |
| ICFU Phort Reachrann | 90.88% | 58.83% | 53.92% | 50.1% |
| ICFU Sráidbhailte | 91% | 75.45% | 65.58% | 83.4% |
| ICFU Bharr na gCaorach | N/A | 100% | 97.5% | 98.6% |

# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ UISCE

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Forsceitheadh séaraigh ó Stáisiúin Chaidéalúcháin | 25 | 58 | 39 | 25 |

**Fad na bPríomhphíobáin Uisce a Athsholáthraíodh**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Méadair de phríomhphíobáin a athsholáthraíodh | 20,868 | 8,328 | 12,750 | 36,820 |

# AN RANNÓG UM PLEANÁIL AGUS BONNEAGAR STRAITÉISEACH

## DRAENÁIL MHÓRCHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (DMCBÁC)

Cuireadh tús oifigiúil le tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (DMCBÁC) an 14 Márta 2011.

An príomhchuspóir leis an tionscadal DMCBÁC ná réiteach fadtéarmach draenála a thabhairt tríd an gcéim phleanála – réiteach a fhreastalóidh ar fhorbairt reatha agus ar fhorbairt amach anseo ar Limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Déanann Fine Gall an Tionscadal a bhainistiú thar ceann Chomhairlí Contae na Mí, Chill Dara, Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin agus Bhaile Átha Cliath Theas. Déantar DMCBÁC a threorú trí Choiste Stiúrtha, a dtagann a n-ionadaithe ó 6 cinn d'údaráis áitiúla agus ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Áireoidh an DMCBÁC:

- Soláthar le haghaidh Ionad Réigiúnach Cóireála Fuíolluisce (ICFU) agus an forsceitheadh muirí bainteach leis agus
- Soláthar le haghaidh Cuar-chóras Draenála (CCD) ag nascadh an ICFU réigiúnach leis an líonra reatha réigiúnach séaraigh agus soláthar le haghaidh nasc amach anseo i réimsí sainaitheanta forbraíochta sa dobharcheantar

**Seo a leanas Sainchomhairleoirí an tionscadail:**

- Jacobs/Tobin – Sainchomhairleoirí Teicniúla
- RPS Communications - Sainchomhairleoirí Cumarsáide

**Áiríodh i measc phríomhthorthaí 2011:**

- Suíomh gréasáin DMCBÁC a bhunú
- Comhairliúchán Tosaigh Poiblí maidir le Srianta, a mheall 1,000 aighneacht (féach tuarascáil ar an suíomh gréasáin)
- Clár cuimsitheach Bailithe Sonraí
- Eisíodh Tuarascáil Tosaigh Scagthástálacha, a shainaithin 9 ndáileacht fhéideartha talún ar a bhféadfaí ICFU réigiúnach a lonnú
- Comhairliúchán Poiblí maidir leis na 9 ndáileacht talún, a mheall breis is 10,000 aighneacht
- Cur i láthair maidir le DMCBÁC do Chomhairle Contae Fine Gall agus cruinniú le roinnt páirtithe leasmhara éagsúla – go háirithe úinéirí talún

## DEARADH AGUS TÓGÁIL BOÍTHRE AGUS RIALÚ PLEANÁLA

During 2011, the following contracts for road construction were awarded:

- Bóthar Ceangail Bhaile an Phóirtéaraigh
- Scéim Feabhsúcháin Chrois an Bharda
- Scéim Leathnaithe an M1, acomhal 3 go hacomhal 4



- Scéim Feabhsúcháin an R132
- Scéim Tógála Bhóthar Ceangail an N2–N3
- Tógáil Dhroichead Mhullach Eadrad

Bhronn an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Oifig um Oibreacha Poiblí maoiniú i dtreo chostas na scéimeanna thuasluaite.

Fuarthas faomhadh pleanála Chuid 8 don uasghrádú ar acomhal Mhullach Eadrad.

Thug An Bord Pleanála cead go dtógfaí bóthar dáileacháin agus droichead iarnróid ag Domhnach Bat.

Rinne Measúnú ar Shaincheisteanna Iompair agus chuir moltaí ar fáil le haghaidh an Phlean Forbartha Contae agus le haghaidh na bPleananna Bainteacha Limistéir Áitiúil.

Rinne Measúnú ar impleachtaí iompair na n-iarratas pleanála.

## AN RANNÓG UM BAINISTIÚ FORBARTHA – SEIRBHÍSÍ UISCE

Cuireann an rannóg um bainistiú forbartha comhairle ar fáil maidir le riachtanais uisce agus draenála le haghaidh gach iarratais phleanála a thaisctear, lena n-áirítear iarratais ar eolas breise. De bhreis air sin, déanann an rannóg seo faomhadh ar ghéilliúlacht le coinníollacha pleanála, déanann measúnú orthu agus déanann deimhniú ar fhritháireamh agus cigireacht ar chóireáil fuíolluisce ar an suíomh i gcás tithe aonair.

### Príomhnithe a baineadh amach sa bhliain 2011

- Phróiseáil 939 Iarratas Pleanála (lena n-áirítear iarratais ar eolas breise agus síneadh ama)
- Reáchtáil 124 cruinniú réamhphleanála le hiarratasóirí ionchasacha
- Chuir ionchur maidir le Seirbhísí Uisce ar fáil le haghaidh na bPleananna Limistéir Áitiúil do na ceantair seo: Móinéar na hAbhann, Páirc an Bharraigh, Baile Bachaille, An Seanbhaile/Baile na Móna agus Baile an Dairdisigh
- D’fhreagair An Bord Pleanála maidir le hachomhairc, mar ba ghá
- Rinne idirchaidreamh maidir le Tionscadail um Bonneagar Straitéiseach
- Cuireadh i bhfeidhm na Treoirlínte ‘The Planning System and Flood Risk Management’ le haghaidh Údaráis Áitiúla i mí na Samhna 2009
- Cuireadh i bhfeidhm Cód Cleachtais an GCC le haghaidh Córais Chóireála agus Diúscartha Fuíolluisce d’Áitribh Aonair (Deireadh Fómhair 2009)
- Cuireadh i bhfeidhm “Regional Code of Practice for Drainage Works Version 6.0” CCFG Aibreán 2006
- Cuireadh i bhfeidhm “Guidelines for Drinking Water Supply”. CCFG Feabhra 2009 Leasú 1.

# AN RANNÓG UM PLEANÁIL AGUS BONNEAGAR STRAITÉISEACH

## IARRATAIS PHLEANÁLA

B'ionann líon na n-iarratas pleanála a fuarthas agus 958, (agus den líon sin dearbhaíodh 102 a bheith neamhbhailí). Seo laghdú de 8% ar fhigiúr 2010 de 1192.

## IARRATAIS AR BHONNEAGAR STRAITÉISEACH

Le linn na bliana rinne An Bord Pleanála i bhFine Gall cinneadh maidir le trí cinn d'Iarratais ar Bhonneagar Straitéiseach.

**SID/03/10**

Bainistiú Comhtháite Dramhaíola le haghaidh Murphy Quarry – Ceadaithe 06/06/2011

**SID/01/11**

Carrchlós Fadtéarmach, Baile Anraí le haghaidh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath–Ceadaithe 22/08/11

**SID/02/11**

Leanúint d'úsáid fhadtéarmach an charrchlóis Quick Park – Ceadaithe 05/10/11

**SID/03/11**

Iosta Bhaile an Dairdisigh le haghaidh Mheitreo Thuaidh – Ceadaithe 27/09/2011

## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

| | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais Nua Cláraithe | 958 (102 invalid) | 1192 (162 invalid) | 1340 (191 invalid) | 2235 (471 invalid) | 2584 (480 invalid) |
| Líon na nIarratas a ndearnadh cinneadh ina leith | 905 | 1103 | 1320 | 2116 | 2241 |
| % Ceadaithe | 88% | 83% | 80% | 75% | 82% |
| % Diúltaithe | 12% | 17% | 20% | 25% | 18% |
| % Cinnte laistigh de 2 mhí | 67% | 70% | 72% | 75% | 73% |
| Líon na nIarratas A faighte | 605 (72 invalid) | 747 (118 invalid) | 1028 (139 invalid) | 1474 (326 invalid) | 1726 (336 invalid) |
| Líon na nIarratas B faighte | 353 (30 invalid) | 445 (44 invalid) | 312 (52 invalid) | 761 (145 invalid) | 858 (144 invalid) |

# AN RANNÓG UM PLEANÁIL AGUS BONNEAGAR STRAITÉISEACH

### Bannaí & Ranníocaíochtaí

Scéim Ranníocaíochtaí Alt 48– An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Bailíodh suim de €4.5 milliún faoin Scéim sa bhliain 2011. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar íocaíochtaí agus socruithe céimnithe íocaíochta, agus rinneadh iad a comhaontú agus a athbhreithniú. San iomlán eisíodh 115 Litir Rabhaidh sa bhliain 2011 mar thoradh ar neamhíocaíocht ranníocaíochtaí forbartha agus tionscnaíodh imeachtaí dlí i 31 cás a raibh €1.54 milliún ag baint leo.

### Rialú Foirgníochta

San iomlán sa bhliain 2011 fuarthas 142 iarratas ar Dheimhniúcháin Sábháilteachta Dóiteáin agus déileáladh leo. Chomh maith leis sin, fuarthas 43 Fógra Seacht Lá, 8 nDeimhniú Leasaithe Dóiteáin agus 8 nDeimhniú maidir le Tabhairt chun Rialtachta. Fuarthas 141 Deimhniú maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas freisin.

San iomlán cuireadh isteach 366 Fógra Tosaigh Feidhme, agus faomhadh Scéimeanna Ainmniúcháin & Uimhrithe Bóithre i ndáil le 9 Scéim/dtionscadal.

## PLEAN FORBARTHA 2011-2017

Tá ullmhú Phlean Forbartha Fhine Gall ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá ag an gComhairle Contae. Soláthraíonn an Plean Forbartha creat straitéiseach do gach forbairt nua sa Chontae thar shaolré an phlean, ar mhaithe le cosaint agus feabhsúcháin chonláistí an Chontae agus chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar bonneagair le húsáid reatha agus úsáid amach anseo na talún.



Le linn 2009 bhí comhairliúchán suntasach réamhdhréachta ann leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara i ndáil leis an dréachtphlean forbartha, agus sa bhliain 2010 cuireadh an chéad dréacht den Phlean ar taispeáint go poiblí (2 Aibreán 2010 go 14 Meitheamh 2010), agus cuireadh an dara dréacht, a chuimsigh leasuithe ábhartha a moladh le linn chruinnithe Dheireadh Fómhair na Comhairle ar taispeáint go poiblí an 17 Nollaig 2010 go dtí an 24 Eanáir 2011.

Ag céim leasaithe dréachta fuarthas 275 aighneacht, ag leagan béime ar rannpháirtíocht leanúnach an phobail i bpróiseas ceaptha an phlean. Tar éis thréimhse an taispeántais phoiblí, ullmhaíodh Tuarascáil an Bhainisteora ina raibh achoimre ar na saincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí agus ag cur moltaí ar fáil i ndáil leis na haighneachtaí sin. Cuireadh cóip den Tuarascáil chuig na Baill Thofa.

Ina dhiaidh sin, bhreithnigh na Baill an Dréachtphlean Forbartha, na leasuithe ábhartha a rinneadh agus Tuarascáil an Bhainisteora agus tar éis cruinnithe Comhairle arna reáchtáil an 22 agus 23 Márta 2011, bheartaigh an Chomhairle glacadh leis an dréachtphlean de réir Alt 12(10) den Acht um Pleanáil & Forbairt, arna leasú. Ina dhiaidh sin, tháinig Plean Forbartha Fhine Gall 2011-2017 i bhfeidhm an 20 Aibreán 2011.

# AN RANNÓG UM PLEANÁIL AGUS BONNEAGAR STRAITÉISEACH

## PLEANANNA LIMISTÉIR ÁITIÚIL

Cuireadh tús le roinnt Pleananna Limistéir Áitiúil le linn 2011 agus cuireadh tús le hullmhú agus le taispeántas poiblí a saincheisteanna straitéiseacha/ndoiciméad comhairliúcháin réamhdhréachta le linn 2011 agus go luath sa bhliain 2012, lena n-áirítear:

PLA Bhaile Dúill
PLA Phort Mearnóg
PLA Dhomhnach Bat
PLA Chill Mhártain
PLA Bhaile Bachaille
PLA Metropark
PLA Cherryhound

### Pleananna Limistéir Áitiúil ar glacadh leo sa bhliain 2011

An Aill, Glactha 9 Bealtaine, 2011, Páirc an Bharraigh, glactha 11 Iúil, 2011 agus Síneadh Ama an Aerfoirt glactha 13 Meitheamh, 2011.

## FORAIS SHEACHTRACHA

Le linn na bliana bhí ionadaíocht ag an gComhairle, trí mheán na foirne um Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach, ar na forais sheachtracha seo a leanas:

- Comhdháil Réigiúin Aerfoirt (ARC), a chuimsíonn údaráis áitiúla an Aontais Eorpaigh agus na Stát Aontais a bhfuil móraerfoirt acu lonnaithe ina limistéar. Rinne Comhairle Contae Fhine Gall óstáil ar an gComhdháil Idirnáisiúnta ARC a tharlaíonn go débhliantúil agus a reáchtáladh i Mullach Íde an 2 Nollaig, 2011. Tháinig téarma Uachtaránachta an Chomhairleora Anne Devitt ar ARC chun deiridh i mí na Nollag, 2011.
- QLAIR – Quality of Life in Airport Regions
- An Coiste Idirchaidrimh Scoile - An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Fóram Forbartha an Imill Thuaidh – Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall.
- Grúpa oibre um Polasaí agus Cleachtas Seandálaíochta arna bhunú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
- Grúpa Oibre na Comhairle Oidhreachta.
- Ionad Sonraí Náisiúnta Bithéagsúlachta
- Grúpa Oibre Teicniúil an Údaráis Réigiúnaigh
- Bord Tionscadal don Roinn Comhshaoil “My Plan”
- Grúpa Páirtithe Leasmhara MCBÁC an Údaráis Náisiúnta Iompair.
- Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Tionscadal Ceantair na Cuar-abhantraí Thoir
- Grúpa Oiliúna Seirbhísí Uisce (GOSU)
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ)
- CEN (Eagraíocht Eorpach um Chaighdeánú)

# AN RANNÓG UM PLEANÁIL AGUS BONNEAGAR STRAITÉISEACH

## PLEAN OIDHREACHTA FHINE GALL

Is éard atá i bPlean Oidhreachta Fhine Gall ná plean gnímh cúig bliana a dhéileálann le gach gné dár n-oidhreacht lean n-áirítear fiadhúlra, an cósta agus an tírdhreach, ár n-oidhreacht seandálaíochta, ár stair áitiúil agus ár gcultúr. Eascraíonn gach gníomh ón rún go gcothaíonn agus go ndaingníonn ár n-oidhreacht pobail áitiúla agus go ndéanann cion ar leith ar mhaithe lena chinntiú go mbeadh cáilíocht mhaith saoil ag cách.

Cuireadh i gcrích an chéad Phlean Oidhreachta d'Fhine Gall sa bhliain 2010, agus mar sin d'athbhunaigh Comhairle Contae Fhine Gall an Fóram Oidhreachta chun comhairle a sholáthar maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm an dara Plean Oidhreachta d'Fhine Gall, a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh 2017. Is léiriú é Fóram Oidhreachta Fhine Gall ar raon leathan na n-eagraíochtaí reachtúla agus deonacha a bhíonn bainteach le saincheisteanna oidhreachta i bhFine Gall. Ullmhaíodh Dréachtphlean Oidhreachta tar éis tréimhse tosaigh de chomhairliúchán poiblí i mí Márta agus mí Aibreáin 2011, ag cur san áireamh aighneachtaí a fuarthas agus le comhairle agus treoir Fhóram Oidhreachta Fhine Gall. Cuireadh an dréachtphlean ar taispeáint go poiblí ó lár mhí na Nollag 2011 go dtí lár mhí Feabhra 2012. Tar éis aighneachtaí ón tréimhse chomhairliúcháin seo a chur san áireamh, meastar go mbeidh dréacht deiridh ann le cur faoi bhráid na Comhairle le faomhadh a dhéanamh air i mí an Mhárta 2012. Déanann Oifigeach Oidhreachta na Comhairle treorú ar chur i bhfeidhm an Phlean. Chaith an Chomhairle tuairim is €67,000 ar thionscadail an Phlean Oidhreachta sa bhliain 2011. Chomh maith leis sin, chuir an Chomhairle isteach ar mhaoiniú de bhreis is €29,000 ón gComhairle Oidhreachta agus bronnadh an maoiniú sin ar an gComhairle.

Le linn 2011 rinneadh obair ar raon leathan de thionscadail oidhreachta lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas:

**Tionscadail Oidhreachta 2011**

1. Plean Spáis Phoiblí Bhaile Bhrigín.
2. Tionscadal CFG Oidhreachta an Chósta.
3. Taispeántas Thúir Martello.



4. Foilseachán Geolaíochta.
5. Measúnú struchtúrach ar Shéadchomharthaí faoi úinéireacht Chomhairle Contae Fhine Gall.
6. Seachtain Oidhreachta.

# AN RANNÓG TITHÍOCHTA

## SOLÁTHAR TITHÍOCHTA

Díríonn soláthar tithíochta sóisialta anois ar Scéim Cíosa Fadtéarmaigh agus ar Scéim Cóiríochta ar Cíos.

Chuige seo cinntíodh 699 maoin CAR go dtí seo, 155 sa bhliain 2011 agus 38 maoin de Chíos Fadtéarmach, 32 sa bhliain 2011.

Cuireadh tús le tógáil tithíochta ar 2 áitreabh inlíonta ag Ascaill Phlásóg an Dúin, Baile Bhlainséir agus áitreabh inlíonta amháin ag Cúirt Chrónáin, Sord sa bhliain 2011. Fuarthas 1 áitreabh le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta faoin Scéim um Cheannach Tí Phríobháidigh.

## TITHÍOCHT INACMHAINNE

Díoladh 24 maoin faoin Scéim um Thithíocht Inacmhainne sa bhliain 2011, agus lean an Chomhairle ag úsáid sholáthar na Litreach Ciorcláin AHS1 2009 a sholáthraíonn do léasú aonaid inacmhainne neamhdhíolta le forais dheonacha tithíochta, agus as an líon sin tá 114 áitrithe anois ag teaghlaigh ó liosta tithíochta na Comhairle.

## SCÉIM DEONTAIS CHUN MIONATHRÚ A DHÉANAMH AR THITHÍOCHT DO DHAOINE SCOTHAOSTA AGUS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Faomhadh 279 deontas príobháideach arb ionann a luach agus €2,254,254.

## STOC TITHÍOCHTA

### Ar Cíos

An 31 Nollaig 2011 bhí 4,508 maoin ag an gComhairle ina stoc tithíochta. B'ionann an t-ioncam cíosa a bailíodh ó na maoin seo agus €13,687,181.

A 31 Nollaig 2011 thug 1,859 cuntas beo morgáiste isteach íocaíocht de €12,692,667.



## BAINISTIÚ EASTÁIT

San iomlán tabhaíodh €5.1m de chaiteachas ioncaim mar fhreagra cothabhála agus le haghaidh cothabháil ghinearálta ar Stoc Tithíochta agus eastáit na Comhairle. Fuarthas 9,080 freagra cothabhála le linn 2011.

De bhreis air sin, tá 3743 coire ann mar chuid de Chlár Seirbhísithe Coirí na Comhairle.

Reáchtáladh 6 Chúrsa Ionduchtúráin Tionónta chun cuidiú le hiarratasóirí tithíochta socrú isteach ina dtithe agus ina bpobail nua.

D'fhreastail an Rannóg um Bainistiú Eastáit ar 40 cruinniú de Chumann na nÁitritheoirí agus ar 25 cruinniú leis na Gardaí maidir le póilíneacht Pobail agus Eastáit.

Fuarthas 729 gearán maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta agus maidir le sárú tionachta le linn 2011.

# AN RANNÓG TITHÍOCHTA



Tá 11 ordú eisiachachais i bhfeidhm i ndáil le daoine le hiompraíocht fhrithshóisialta ó thionachtaí na Comhairle agus i gcás 7 gcinn de na tionachtaí sin athshealbhaíodh iad.

Cuireadh i gcrích Oibreacha Feabhsúcháin Eastáit sna heastáit seo a leanas: Baile an Phlásóig, Radharc an Tobair, Páirc Thobar Mhuire, Fortlawn, An Chorr Dhubh agus Cnoc na gCaorach chun maolú ar an Iompraíocht Fhrithshóisialta san háiteanna is measa d'Iompraíocht Fhrithshóisialta.

San iomlán tabhaíodh caiteachas caipitil de €5.5 m ar chláir bheartaithe chothabhála agus ar fheabhsúcháin eile amhail:

Cuireadh i gcrích Deisiúcháin réamh-chur ar cíos i 141 áitreabh.

Rinneadh Teas Lárnach a shuiteáil agus a uasghrádú i 35 áitreabh

Rinneadh oibreacha péinteála agus siúinéireachta i 395 áitreabh faoin gclár cioglach cothabhála.

Rinneadh oibreacha athchóiriúcháin ar na 30 áitreabh in eastáit Radharc Bheanna Boirche faoin Scéim Oibreacha Feabhsúcháin

## LEITHDHÁILTÍ

San iomlán leithdháileadh 480 áitreabh ar iarratasóirí ar an liosta tithíochta.
Tá sin miondealaithe mar seo a leanas:-

| | |
|---|---|
| • Sóisialta Nuathógtha | 29 |
| • Sóisialta Ócáideach | 104 |
| • RAS | 98 |
| • RAS in-situ | 113 |
| • Léas Fadtéarmach | 28 |
| • Deonach (nuathógtha & neamhdhíolta inacmhainne) | 88 |
| • Deonach Ócáideach | 20 |

Bhí 8,688 iarratasóir ar an liosta tithíochta ar 31/12/2011.

B'ionann an líon iomlán de dhiúltaithe do chóiríocht tithíochta agus 80.
Tá sin miondealaithe mar seo a leanas:-

| | |
|---|---|
| • Sóisialta Nuathógtha/Ócáideach | 45 |
| • RAS | 35 |

## CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009 – 2013, agus d'fhaomh Comhairle Contae Fhine Gall é i mí na Nollag 2011.

Thug Comhairle Contae Fhine Gall isteach seirbhís leabharlainne fón póca i ngrúpsceimeanna tithíochta i dtuaisceart an chontae.

# AN RANNÓG TITHÍOCHTA

Reáchtáladh lá oscailte ag láthair stad Lóiste an Sciobóil, ar fhreastail baill d'eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla air.

Lean an dul chun cinn ar chuspóirí cóiríochta Ghrúpa Idirghníomhaireachta um an Lucht Siúil. Is éard atá i gceist leis seo ná obair ar bhealach atá sonrach don láithreán ar dhá láithreán phíolótacha chun cur chuige spriocdhírithe a fhorbairt chun dul i ngleic le saincheisteanna ag teacht chun cinn ar na láithreáin sin.

Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Contae Fhine Gall 5 aonad cóiríochta ar fáil don Lucht Siúil.

## TÁSCAIRE

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| **T: Tithíocht**<br>**T.1 Folúntais Tithíochta:** | | | |
| Líon iomlán na n-áitreabh i stoc an údaráis áitiúil | 4,508 | 4,459 | 4,464 |
| % foriomlán na n-áitreabh atá ar cíos | 97.25% | 98.09% | 98.53% |
| % foriomlán na n-áitreabh atá folamh | 2.75% | 1.91% | 1.47% |
| % na n-áitreabh folamh atá faoi réir scéimeanna móra athchóiriúcháin | 8.9% | n/a | 12.12% |
| % na n-áitreabh folamh nach bhfuil ar fáil le cur ar cíos | 88.7% | 95.29% | 84.85% |
| % na n-áitreabh folamh atá ar fáil le cur ar cíos | 11.3% | 4.71% | 15.15% |
| **T.2 Meántréimhse chun áitribh a athchur ar cíos atá ar fáil le cur ar cíos** | 2.9 wks | 1 week | 37 days |
| **T.3 Líon na ndeisiúchán curtha i gcrích mar chéatadán den líon iarratas bailí deisiúcháin a fuarthas** | 97% | 95% | 94% |
| **T.4 Meántréimhse a ghlac sé iarratasóirí a chur ar an eolas faoi chinneadh an údaráis áitiúil maidir le hiarratas ar:** | | | |
| Scéim tithíochta úinéireachta roinnte | n/a | n/a | 5.1 days |
| Scéim Iasachta Tithíochta | 56 days | n/a | 15 days |
| Tithíocht an údaráis áitiúil | 60 days | n/a | 70 days |
| **T.5 Tithíocht don Lucht Siúil** | | | |
| Líon iomlán na dteaghlach ón lucht siúil ar tugadh cóiríocht dóibh mar chéatadán de spriocghrúpa sa chlár cóiríochta don lucht siúil | 15% | 66.67% | 57% |

# AN RANNÓG TITHÍOCHTA

| **Ion: Bailiú Ioncaim**<br>**Ion.1 Cíos ó Thithe** | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| (a) Méid bailithe ag deireadh bliana mar chéatadán den méid dlite: | 86.09% | 90.98% | 93.26% |
| (b) Céatadán riaráistí | | | |
| 4 – 6 seachtaine d'aois | 4.52% | 6.7% | 9.3% |
| 6 – 12 seachtaine d'aois | 12.51% | 16.42% | 18.02% |
| Níos mó ná 12 sheachtain d'aois | 77.35% | 67.86% | 59.69% |
| **Ion.2 Iasachtaí Tithíochta** | | | |
| (a) Méid bailithe ag deireadh bliana mar chéatadán den méid dlite: | 93.60% | 95.25% | 96.59% |
| (b) Céatadán riaráistí: | | | |
| 1 mhí d'aois | 10.82% | 12.59% | 10% |
| 2 – 3 mhí d'aois | 6.48% | 10.15% | 4% |
| Níos mó ná 3 mhí d'aois | 82.70% | 77.26% | 86% |

# AN RANNÓG CULTÚIR, ÁINEASA & SPÓIRT

Tá gníomhaíochtaí agus na cláir oibríochtúla na nOifigí Pobail, Spóirt agus Ealaíon atá sonraithe thíos, nasctha go dlúth lena chéile sa mhéid go n-aithnítear go bhfuil gach ceann bainteach go sonrach le forbairt pobail.

## AN OIFIG POBAIL

D'oibrigh Oifigigh na Rannóige um Fhorbairt Pobail ar roinnt clár éagsúil agus thacaigh le raon eagraíochtaí pobail le linn 2011. Chuir foireann pháirce seirbhís chuimsitheach tacaíochta agus chomhairleach ar fáil d'fhorais dheonacha phobalbhunaithe – foireann a oibríonn go dlúth lena chéile agus a théann i ngleic le riachtanais na ngrúpaí.

Bhí páirt ag na 5 aonad san Oifig Pobail i soláthar roinnt clár agus gníomhaíochtaí sa bhliain 2011. D'oibrigh na hAonaid seo le 120 grúpa tosaíochta ar bhonn míosúil.

### An tAonad um Thionscadail Chaipitil (ATC)

Tá ról ag an Aonad seo i dtacú le forbairt an bhainistithe áitiúil agus na struchtúr oibríochtúil a dhéanann maoirseacht laethúil ar Shaoráidí Comhroinnte Pobail. Sa bhliain 2011 cuireadh i gcrích roinnt de na Saoráidí Comhroinnte faoi Shamhail Chomhairle Contae Fhine Gall. D'oscail Ionaid Phobail Ongar agus Bhaile Fiobail don phobal i dtreo dheireadh na bliana 2011. De bhreis air sin, cuireadh i gcrích Ionaid Phobail Choill na nÚll agus Bhaile an Tirialaigh le linn na bliana agus tá siad oscailte don phobal anois.

### An tAonad Forbartha Pobail (AFP)

Is é príomhfhócas obair an Aonaid Forbartha Pobail (AFP) ná cumasú a dhéanamh ar ghrúpaí pobail agus deonacha i bhFine Gall agus tacú leo chun athrú a bhrostú agus troid i gcoinne an eisiaimh shóisialta laistigh dár bpobail. Sa bhliain 2011, chuir an tAonad tacaí ar fáil amhail oiliúint, eolas, agus seirbhísí meantóireachta do bhreis is 100 grúpa deonach agus pobail. Reáchtáil an tAonad 5 chlár oideachais don phobal le haghaidh 40 rannpháirtí i réimse na scileanna coiste.

### An tAonad um Thacaíocht do Shaoráidí Pobail (ATSP)

Bunaíodh an tAonad seo chun cumasú a dhéanamh ar choistí bainistíochta na hIonad Pobail agus chun tacú leo le go bhféadfaidís a róil a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Chuir an ATSP eolas, meantóireacht, comhairle agus samhlacha den dea-chleachtas ar fáil i roinnt disciplíní éagsúla. D'oibrigh an tAonad le gach saoráid pobail a bhaineann fóir as maoiniú cúnaimh bainistíochta na Comhairle.

# AN RANNÓG CULTÚIR, ÁINEASA & SPÓIRT

### An tAonad Forbartha Líonra (AFL)

Sa bhliain 2011, thacaigh an AFL le Fóram Pobail & Deonach Fhine Gall, le Líonra Eitneach Fhine Gall agus le Líonra Sheanóirí Fhine Gall. Chuir an dá líonra seo i bhfeidhm roinnt mhaith dá bpleananna gníomhaíochta fairsinge i rith na bliana. Sheol Líonra Sheanóirí Fhine Gall, i gcomhar leis an Oifig Forbartha Pobail, leis an mBord Forbartha Contae agus le Vantastic, mórthionscnamh nua um Shláinte do dhaoine scothaosta. Bhí ról lárnach freisin ag an Líonra do Sheanóirí i bhforbairt Thionscnamh 'Friendly' Fhine Gall.

### An tAonad um Maoiniú agus Eolas (AME)

Tuairiscíonn an AME ar gach iarratas ar mhaoiniú a fhaightear faoin gClár Tionscadal Gníomhaíochtaí & Samhraidh. Déanann an tAonad iniúchadh ar dheiseanna seachtracha maoiniúcháin agus cuireann eolas agus tacaí iarratais ar fáil do ghrúpaí pobail. Chomh maith leis sin, déanann an tAonad uasdátú ar eolas ar an suíomh gréasáin agus sna meáin chlóite.

### Maoiniú arna sholáthar d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha le linn 2011

| Limistéar | Tionscadail samhraidh | Maoiniú ealaíne | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Baile Bhrigín/Sord | €23,203 | €21,150 | €44,353 |
| Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad | €25,187 | €6,100 | €31,287 |
| Binn Éadair/Mullach Íde | €6,551 | €11,750 | €18,301 |
| Contae (comhiomlán) | €54,941 | €39,000 | €93, 941 |

Sa bhliain 2011, meastar gur ghlac breis is 4,000 duine óg páirt i dTionscadail mhaoinithe Samhraidh. Le linn na bliana, chuir AME isteach ar mhaoiniú ó Oifig an Aire Lánpháirtíochta, agus cuireadh €155,000 ar fáil chun tacú le tionscnaimh lánpháirtíochta trí Scéim Mhaoiniúcháín Lánpháirtíochta na Comhairle. Bhain 25 grúpa fóir as an maoiniú seo.

# AN RANNÓG CULTÚIR, ÁINEASA & SPÓIRT

## AN OIFIG SPÓIRT

Bhí an Oifig Spóirt páirteach i roinnt clár spóirt agus gníomhaíochta fisicí i rith na bliana agus d'oibrigh go dlúth, agus i gcomhar, leis an Oifig Pobail. Seo a leanas na príomhchláir:

### An Clár um Chleachtadh Spóirt (Sportscon)

Lean an Oifig lena chlár Sportscon i mBunscoileanna. Spriocdhíríonn Sportscon go príomha ar leanaí idir 6– 9 mbliana d'aois agus déanann cóitseáil ar mhúinteoirí chun bunscileanna spóirt a mhúineadh ar bhealach a ligeann do na leanaí barr a gcumais a bhaint amach agus a leibhéal féin a aimsiú. Le linn 2011, cuireadh an clár ar fáil do mhúinteoirí/ranganna breise agus d'oibrithe deonacha Riachtanais Speisialta.

### Spórt Scoile & Óige



Thacaigh an Oifig le Buntús agus chuir acmhainní ar fáil dó, agus chuir roinnt clár tosaigh Buntús i bhfeidhm go céimneach i réamhscoileanna. Le linn 2011, d'eagraigh an Oifig blitzchomórtais Sacair agus Rugbaí Leaiste, léig cruicéid laistigh, imeachtaí Bunscoile ar fud na tíre agus blitzchomóras badmantain. Reáchtáladh tionscnamh Oíche Sacair i gceithre shuíomh, a bhí dírithe ar dhaoine fásta óga a spreagadh le tabhairt faoi chaitheamh aimsire dearfach. Sa bhliain 2011, chuidigh an Garda Síochána áitiúil le cóitseálaithe, a chuir ar a gcumas o caidrimh a bhunú le daoine óga ar an gclár. Reáchtáladh tionscadal "kidgloves", a bhí dírithe ar bhuachaillí agus cailíní idir 9 – 13 bliana d'aois chun taithí tosaigh a thabhairt dóibh ar dhornálaíocht.

### An Clár Oideachais Cóitséala

Thacaigh an Oifig le raon cúrsaí ag Forais Rialaithe Náisiúnta an Oideachais Cóitséala/Réiteora agus i Scileanna Éigeandála (garchabhair) d'oibrithe deonacha.

### Clár gníomhaíochtaí

I measc na ngníomhaíochtaí arna reáchtáil ag an Oifig le linn 2010 bhí roinnt clár snámha do dhaoine níos sine, clár galf dhá mhaide, club maidine Badmantain do mhná, clár rannpháirtíochta don Lucht Siúil agus Trí-atlon Gearrchúrsa Fhine Gall.

### Forbairt Cómhaoinithe Sonrach don Spórt

Rinne an Oifig cómhaoiniú ar 5 Oifigeach Forbartha Peile sa Phobal leis an F.A.I., 1 Oifigeach Forbartha Rugbaí le Leinster R.F.U., 1 Oifigeach Forbartha páirtaimseartha Leadóige, i gcomhar le Tennis Ireland, agus Oifigeach Forbartha Cruicéid le Leinster Cricket.

# AN RANNÓG CULTÚIR, ÁINEASA & SPÓIRT

### Mná sa Spórt

Áiríodh i measc na gclár cómhaithe ag an gComhairle Spóirt sa bhliain 2011 blitzchomóras Camógaíochta, Peil Ghaelach do Chailíní, rang Hip Hop, agus Exercise Energise – clár Iar-bhunscoile dírithe ar chailíní idir 12 -14 nach mbíonn an deis acu seachas sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt agus fisiceacha.

### Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas

Reáchtáil an Oifig clár oiliúna “Be Active Be Inclusive”, a chuir oiliúint spóirt agus gníomhaíochta fisicí ar fáil do chúramóirí agus d’oibrithe deonacha a bhíonn ag obair le daoine atá faoi mhíchumas.

### Gréasánú agus Forbairt Straitéise

D’fhreastail an Oifig ar chruinnithe ráithiúla Líonra Comhpháirtíochta na Comhairle Spóirt agus thionscain ullmhú na Straitéise 5 bliana Spóirt.


## AN OIFIG EALAÍON

Is é ról Oifig Ealaíon na Comhairle ná gníomhaíocht chultúrtha a spreagadh, a chothú agus tacú leis i bhFine Gall agus tá sí ina bunchuid de ról forbartha pobail na Rannóige.

### Deontais Ealaíon

Sa bhliain 2011, bronnadh €18,000 ar Fhéilte Ealaíon Pobail agus Ceoil Thraidisiúnta, agus bronnadh €45,000 faoin scéim ghinearálta ealaíon. Bronnadh €558,700 eile go díreach ar an dá Ionad Ealaíon ag an gComhairle, Draíocht agus Ionad Cultúrtha Shéamus Ennis.

### Ionaid Chultúrtha



Lean Comhairle Contae Fhine Gall ag cur feabhais ar an saol cultúrtha i bhFine Gall agus ag soláthar rochtain phoiblí ar na hEalaíona trí dhá Ionad Ealaíon a fhorbairt ar bhonn leanúnach:

- Draíocht, a bhí ag ceiliúradh a 10ú bliain ar an bhfód sa bhliain 2011, agus atá ina ionad Ealaíon ilchuspóra, agus Ionad Cultúrtha Séamus Ennis, a bhí ag ceiliúradh 10 mbliana ar an bhfód freisin, a bhíonn ag freastal ar ealaíona traidisiúnta.

### For-rochtain agus Oideachas

Chuir an scéim seo maoiniú agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil d’ealaíontóirí gairmiúla a oibríonn i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna i bhFine Gall. I gcás na scoileanna a ghlac páirt ann d’oibrigh siad i gcomhar le hEalaíontóirí agus leis an Oifig Ealaíon le linn phleanáil, chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dtionscadail féin. Ag deireadh gach tionscadail bhí taispeántas poiblí ann ionas go bhféadfadh na daltaí na scileanna a bhí forbartha acu a roinnt agus an taithí a bhí faighte acu ón bpobal a chur in iúl.

# AN RANNÓG CULTÚIR, ÁINEASA & SPÓIRT

### In Colour

Is éard is In Colour ann ná taispeántas agus clár oideachais, atá dírithe ar shiollabas Stair na hEalaíne san Ardteistiméireacht a thabhairt chun beatha. Is éard a bhí i gceist leis an gclár ná mórshaothair, a fuarthas ar iasacht ó thaispeántais na Comhairle Ealaíon, AIB agus Ghailearaí Luimnigh a chur ar taispeáint. Sa bhliain 2011, forbraíodh suíomh gréasáin mar áis luachmhar oideachais do mhúinteoirí agus do dhaltaí.



### Amharc Fhine Gall V111

Osclaíodh imeacht 2011 Amharc Fhine Gall ar an 17 Samhain in Draíocht. Is ardán an taispeántas seo chun tacú le céimithe ealaíne ó Fhine Gall chun deis a thabhairt dóibh a saothair a chur ar taispeáint i gceann de na gailearaithe amharcealaíne is fearr sa stát, ar bhonn gairmiúil.  Tugann an t-imeacht bliantúil seo an deis don oifig ealaíon aithne a chur ar ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus bealaí praiticiúla, iomchuí a shainaithint ar féidir cabhrú leo ag tús a ngairmréimeacha.

### What Next?

Tharla an chéad lá forbartha gairmiúla eile: What Next?, in Draíocht freisin. Cuireann What Next? deis ar fáil léargas a fháil ar na dúshláin agus na deiseanna atá ábhartha d'ealaíontóirí ag obair sna cúinsí reatha le comhairle agus léargais phraiticiúla.

### An tAonad um Thionscadail Chomhtháite Saoráidí Pobail agus Caipitil

Le linn 2011, lean an tAonad seo ag glacadh róil i gcur chun cinn na feasachta i measc forbróirí maidir leis an tábhacht agus na sochair thráchtála atá le baint as a chinntiú go bhfuil inbhuaine ann i measc pobail nua, trí sholáthar saoráidí, ionas go mbreithneoidh siad go himleor na nithe seo agus iad ag ullmhú a bpleananna.


Bhí an Rannóg Pobail, Cultúir & Spóirt réamhghníomhach freisin i spreagadh rochtain níos fearr agus úsáid saoráidí scoile. Faoi Shamhail Scoileanna Fhine Gall, cuireadh dhá scoil nua i gcrích sa bhliain 2011, St. Benedict's N.S., Ongar agus Pobalscoil Setanta, Baile Fiobail, an dá scoil seo i mBaile Átha Cliath 15, agus tá Ionad Mór Pobail/Áineasa acu araon.

# AN RANNÓG CULTÚIR, ÁINEASA & SPÓIRT

## RANNÓG NA LEABHARLANN

D'fheidhmigh Seirbhís Leabharlann Fhine Gall 9 gcraobhleanbharlann sna háiteanna seo a leanas Baile Bhrigín, Baile Dúill, Baile Bhlainséir, Baile Gháire, Binn Éadair, Mullach Íde, Na Sceirí, Sord and An Ros. Tugann an Leabharlann Taistil agus an tSeirbhís Gafa sa Teach cuairteanna ar tuairim is 180 suíomh ar fud an Chontae. Feidhmíonn Seirbhís Leabharlann Fhine Gall Rannóg Staidéir Áitiúil/Cartlainne chomh maith ag  Clonmel House, Sord.

### Féinfhreastal: RFID (Radio Frequency Identification)




Tugadh isteach teirminéil féinfhreastail i Leabharlanna Shord, Mhullach Íde agus Bhaile Bhrigín le linn 2011 agus tugadh iad isteach freisin i Leabharlann na Foirne i Halla an Chontae. Cuireann siad seo seirbhís fheabhsaithe ar fáil d'úsáideoirí na Leabharlainne. D'éirigh thar barr leis na teirminéil go dtí seo, agus i roinnt cásanna déanann siad suas 90% de na hidirbhearta, agus mar thoradh baintear úsáid níos éifeachtaí as am na foirne.

### BYKI: Seirbhís Foghlama Teanga ar Líne

Seoladh seirbhís nua saor in aisce chun teangacha a fhoghlaim ar shuíomh gréasáin Leabharlanna Fhine Gall sa bhliain 2011. Cuireann BYKI 80 teanga ar fáil agus is córas pearsanaithe foghlama teanga é a dhéanann rianú ar gach rud a d'fhoghlaim an t-úsáideoir. Ó sheol sí a suíomh gréasáin i mí na Samhna 2011, rinneadh an tseirbhís a rochtain breis is 900 uair, agus is í an Fhraincis an teanga is mó éileamh.

### Leabharlann Bhaile Bhlainséir

Seo an leabharlann phoiblí is mó sa tír agus bhí sí ag ceiliúradh a 10ú bliain ar an bhfód sa bhliain 2011, le seó puipéad, taispeántais, quizanna agus spotduaiseanna. Ghlac an Leabharlann páirt den chéad uair in Oíche Chultúir, in éineacht leis na céadta eile d'ionaid chultúir agus ealaíon ar fud na tíre, a d'oscail a dhoirse don oíche iontach seo de shiamsaíocht don teaghlach.

### Imeachtaí 2011

Reáchtáladh 3,782 imeacht saor in aisce, ag freastal ar gach aois agus ar leasanna iomadúla i Leabharlanna Fhine Gall le linn 2011. Bíonn ionadaíocht mhaith ar fheachtais Náisiúnta inár leabharlanna le himeachtaí a tharla d'Fhéile Leabhar na Leanaí, Bealtaine, Seachtaine Oidhreachta, Seachtaine na Gaeilge, Seachtain na heolaíochta agus Seachtain Leabharlainne na hÉireann.  Déanann ár gcraobhleabharlanna clubanna leabhar a reáchtáil agus tacaíonn leo, déanann óstáil ar chuairteanna ó údair, agus ar léamha filíochta, ar thaispeántais, ar choirmeacha ceoil agus ar imeachtaí damhsa.

### Writing 3.0

D'oibrigh Leabharlanna Fhine Gall agus Oifig Ealaíon Fhine Gall i gcomhar lena chéile arís i mbliana chun óstáil a dhéanamh ar Writing 3.0, Féile Bhliantúil Scríbhneoirí Fhine Gall. An bhéim i mbliana ná ar chur i láthair agus ar eispéiris ardaithe meanma, le ceardlanna ar fhuirseoireacht, ar scríobh amhrán agus scríobh don scáileán, chomh maith le fócas traidisiúnta ar scríbhneoireacht, ar léamh, ar fhilíocht agus ar fhicsean. I measc na mbuaicphointí i mbliana san fhéile bhí Sunday Miscellany de chuid RTE ag Farmleigh House, 'Four Savvy Women' arna chur i láthair ag Mary Wilson ó Drivetime ar RTE, a reáchtáladh ag Farmleigh freisin agus cúrsa scríbhneoireachta amhrán le Mick Hanly ag Leabharlann Mhullach Íde.

# AN RANNÓG CULTÚIR, ÁINEASA & SPÓIRT

### Europe Direct

Is é an tIonad Europe ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir an nasc áitiúil leis an Eoraip do Shaoránaigh Fhine Gall. Déanann an tIonad óstáil ar imeachtaí le téamaí Eorpacha agus cuireann eolas agus comhairle ar fáil don phobal i ndáil le gach gné den AE, idir bhia is taisteal. An t-imeacht is mó éileamh de chuid Europe Direct ná Aonad Saorálaíochta arna reáchtáil i Leabharlann Bhaile Bhlainséir mar cheiliúradh ar Bhliain Eorpach na Saorálaíochta. Ghlac eagraíochtaí éagsúla páirt ann, Home Start, Gorta, Foróige, St. Vincent De Paul, Stáisiún Gardaí Bhaile Bhlainséir agus Ionad Saorálaíochta Fhine Gall.

### Foilseacháin

Chuir an Rannóg Staidéir Áitiúil agus an Rannóg Cartlainne dhá phríomhfhoilseachán ar fáil sa bhliain 2011:

Fingal Studies: Early Fingal Entrepreneurs agus Fingal Sporting Heroes. Foilsíodh iad araon go foirmiúil sa bhliain 2012.

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Míreanna faighte ar iasacht | 1,272,135 | 1,229,879 | 1,201,342 |
| Baill Chláraithe | 145,325 | 129,020 | 88,616 |
| Uaireanta Úsáide an Idirlín | 127,697 | 112,753 | 96,984 |
| Cuairteanna ar shuíomhanna gréasáin | 50,831 | 42,942 | 33,571 |
| Meánlíon uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha | 49 | 49 | 48.93 |
| Meánlíon uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirtaimseartha (i gcás gur iomchuí é) | 17 | 23 | 29 |
| Líon na mball cláraithe leabharlainne mar % den daonra áitiúil (Daonáireamh 2011) | 53.22% | 53.8% | 36% |
| Líon na míreanna in aghaidh an duine den daonra (ar fud na tíre) le haghaidh: | | | |
| (a) Leabhar | 3.58 | 3.97 | 3.98 |
| (b) Míreanna Eile | 1.08 | 1.16 | 1.03 |
| (c) Iomlán: Leabhair móide Míreanna Eile | 4.66 | 5.13 | 5.01 |
| % de Leabharlanna a chuireann rochtain idirlín ar fáil don phobal | 100% | 100% | 100% |
| Líon na seisiún Idirlín arna soláthar in aghaidh an 1000 duine den daonra | 467.75 | 470.71 | 404.10 |
| Caiteachas an chiste leabhar in aghaidh an duine | 3.12 | 4.15 | 5.83 |
| Cuairteanna a thug baill den phobal ar Leabharlanna Fhine Gall | 1,234,807 | 1,043,983 | 1,003,683 |

## AN RANNÓG BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

### Athchúrsáil & Diúscairt Dramhaíola

Thosaigh an Chomhairle, sa bhliain 2011, ag feidhmiú trí cinn de sheirbhísí bailiúchán dramhaíola ó cholbha an chosáin (Nithe Tirime In-athchúrsáilte, Dramhaíl Orgánach & Dramhaíl Iarmharach), 2 ionad athchúrsála agus líonra de 73 banc buidéal. Le linn 2011 d'aistrigh an Chomhairle a gnó bailithe dramhaíola chuig Panda (Nurendale ltd).  Rinneadh an t-aistriú ar an tseirbhís Boscaí Bruscair Dubha agus Donna ar an 1 Samhain agus ar an tseirbhís Boscaí Bruscair Glasa ar an 31 Nollaig tar éis dheireadh an chonartha do bhoscaí bruscair glasa le Greyhound Recycling agus Recovery Ltd.




### Ionaid Athchúrsála agus Bainc Bhuidéal

- Feidhmíonn an Chomhairle dhá ionad athchúrsála (an tInbhear & Cúil Mhín) agus líonra de 73 banc buidéal ar fud na tíre. Sa tábla seo a leanas tá sonraí thonnáiste na meáchan a bailíodh.

| Tonnáiste na Nithe In-athchúrsáilte a Bailíodh | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Ionad Athchúrsála an Inbhir | 3884 | 3969 | 4813 |
| Ionad Athchúrsála Chúil Mhín | 3781 | 3676 | 4035 |
| Iomlán | 7665 | 7645 | 8848 |

### Dramhthrealamh Leictreonaice agus Leictreach

- Éilítear faoi na Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreonaice agus Leictreach DTLL) 2005 go ndéanfaí cigireacht ar áitribh chun a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí ag cloí leis na rialacháin agus go nglactar le DTLL ag ionaid Athchúrsála saor in aisce (DTLL ó thithe cónaithe agus ó mhiondíoltóirí cláraithe DTLL).

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| DTLL glactha ag Ionaid Athchúrsála | 1244 tona | 1303 tona | 1486 tona |
| Méid thuas ar bhonn Per Capita* | 4.56Cg/ an duine | 4.77Cg/ an duine | 5.44 Cg/ an duine |
| DTLL bailithe ag AAE** ó mhiondíoltóirí | 933 tona | 687 tona | 615 tona |

*Is é an AAE an tArdán Athchúrsála Eorpach - an scéim faofa géilliúlachta le haghaidh Fhine Gall

- •   Tá 544 áitreabh miondíola cláraithe le AAE (Ardán Athchúrsála Eorpach) agus DTLL Éireann le haghaidh 2010.

- Chomh maith leis sin, tá 114 áitreabh miondíola cláraithe le Comhairle Contae Fhine Gall.

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

## BONNEAGAR DRAMHAÍOLA

### Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh

D'fheidhmigh Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh le linn 2011 ag tógáil isteach 92,000 tona dramhaíola. Tá an clár uasteorannaithe fós ar siúl i gCill 5 agus tá Cill 6 beagnach ag a uasteorainn. Níl ach spás beag fós folamh agus dúnfaidh an líonadh talún sa bhliain 2012. Déantar fós an láisteáit a thabhairt i dtaincéirí go dtí an Rinn go dtí go mbeidh na hoibreacha cóireála fuíolluisce nua i bPort Reachrann críochnaithe agus go bhfaighfear cead deontais ón GCC chun láisteáit chóireáilte a dhoirteadh isteach sa séarach atá nasctha le hoibreacha Phort Reachrann.

### Líonadh Talún Dhún Sinche

Tá líonadh talún Dhún Sinche fós ag a chéim iarchúraim i.e. monatóireacht comhshaoil. Bainistiú gáis láisteáite. Tá an méid gáis atá á ghineadh ag an líonadh talún fós ag titim ach tá sé dóthanach fós chun leictreachas a ghiniúint go heacnamaíoch. D'fhéadfadh seo athrú thar an gcéad chúpla bliain eile.

### Líonadh Talún Fhine Gall

Cuireadh tús leis an gcuardach le haghaidh líonadh talún nua do Réigiún Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1997, agus tar éis próiseas fairsing chun suíomh a roghnú roghnaíodh an suíomh Nevitt sa bhliain 2004. Cuireadh iarratas isteach chuig an mBord Pleanála le go bhforbrófaí iarratas toilithe agus ordú ceannaigh éigeantaigh agus iarratas don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do cheadúnas dramhaíola sa bhliain 2006. D'fhaomh an Bord Pleanála an scéim i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus d'fhaomh an GCC í i mí Bealtaine 2010. Tugadh dúshlán do chinneadh an GCC trí mheán athbhreithniú breithiúnach ach tarraingíodh siar é ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2011. Mar thoradh ar chúinsí a bheith athraithe i dtionscal na dramhaíola, ar thobhaigh dramhaíola, ar thógáil líonta talún i gcontaetha mórthimpeall Bhaile Átha Cliath agus ar ról laghdaithe na n-údarás áitiúil i mbainistiú dramhaíola glacadh cinneadh i mí na Nollag 2011 dul ar aghaidh leis an tionscadal.

### Feasacht Comhshaoil

- Clár Glas Scoile An Taisce - 74 Scoil Ghlas i bhFine Gall sa bhliain 2011, bronnadh 6 bhrat céadáite. San iomlán bronnadh 187 brat ar scoileanna i bhFine Gall.
- Glantachán Náisiúnta An Taisce.
- Seachtain Náisiúnta Athchúrsála Repak.
- Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil LA (Cuid de Chlár Oibre Áitiúil 21) – bhronn an ciste €32,000 sa bhliain 2010 ar 15 thionscadal áitiúla comhshaoil.
- Lean an Clár Oideachais in Ionad Athchúrsála an Inbhir agus Chúil Mhín le 6 scoil ag tabhairt cuairte air sa bhliain 2011.
- Tiomsaíodh féilirí frithbhruscair agus frithghraifítí ó iontrálacha a bhuaigh a chuir daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile isteach chuig Comhairle Contae Fhine Gall.
- Éascaíodh 15 cheardlann de chuid Fhuinneamh Inmharthana Éireann le haghaidh scoileanna.
- D'eagraigh ERP i gcomhar leis an bhFoireann Feasachta Comhshaoil grotto Dhaidí na Nollag i Sord agus i mBaile Bhlainséir chun athchúrsáil cadhnraí a chur chun cinn.

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| **Dramhaíl agus athchúrsáil** | | | |
| Tonnáiste de Dhramhaíl ó Thithe Cónaithe a tugadh chuig an Líonadh Talún | 21,048* | 31,232 | 37,789 |
| Tonnáiste de Dhramhaíl ó Thithe Cónaithe a Athchúrsáladh | 26,432 | 29,811 | 29,325 |
| Tonnáiste a muiríneadh (Bosca Bruscair Donn) | 12,673* | 15,701 | 16,785 |
| Dramhaíl ó Thithe Cónaithe (líonadh talún agus athchúrsáil) | 60,153 | 76,744 | 83,899 |
| % de Dhramhaíl ó Thithe Cónaithe a Athchúrsáladh | N/A** | 59 | 55 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Acmhainní Bainistithe Dramhaíola (LA)** | | | |
| Líon na gConlsáistí Sibhialta | 2 | 2 | 2 |
| Líon na mBanc 'Fág Anseo' | 71 | 73 | 73 |
| Tithe Cónaithe le Boscaí Bruscair Glasa | 68,000 | 70,000 | 65,301 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Scoileanna Rannpháirteacha sna Cláir Chomhshaoil** | | | |
| % na mBunscoileanna le Brait Ghlasa | 86 | 85 | 82 |
| % na n-Iar-bhunscoileanna le Brait Ghlasa | 92 | 92 | 92 |

* ní bhaineann na sonraí seo ach le dramhaíl a bailíodh le haghaidh Fhine Gall – ní áiríonn sé tonnáiste do mhí na Samhna agus do mhí na Nollag a bhailigh Panda

** Níl seo ar fáil mar nach raibh sonraí ar fáil don bhliain iomlán le haghaidh gach tacair sonraí.

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

## AN RANNÓG CIGIREACHTA

Bunaíodh an Rannóg Cigireachta sa bhliain 2011 chun formhór na bhfeidhmeanna forfheidhmiúcháin ag na Rannóga ar fud sa Chomhairle a thabhairt le chéile d'fhonn uasfhónamh a bhaint as tíosacht agus saineolas agus acmhainní a roinnt ar a chéile ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla forfheidhmiúcháin.

Tríd is tríd, déantar feidhmeanna sa rannóg nua a roinnt idir gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann leis an timpeallacht thógtha amhail pleanáil, rialú tógála agus suíomhanna dearóile agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhshaoil amhail forfheidhmiúchán comhshaoil, truailliú uisce agus bruscar.

### An tAcht agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola

- 10 n-ionchúiseamh rathúla le haghaidh sáruithe ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 sa bhliain 2011 le fíneálacha agus costais de thuairim is €16,823 á ngearradh ag na Cúirteanna.
- Rinneadh cigireacht ar 51 gnó chun a chinntiú go raibh siad ag comhlíonadh na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú), 2007.
- Chláraigh 20 cuideachta mar chuideachtaí a bhí féinghéilliúil sa bhliain 2011.
- Ceadaíodh 2 Cheadúnas Dramhaíola agus 2 Dheimhniú Clárúcháin sa bhliain 2011 le haghaidh saoráidí aisghabhála dramhaíola faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Ceadúnas agus Clárú Saoráide), 2007-2008.
- Rialacháin um Dramhbhia – 213 cigireacht.
- Rialacháín um Dramhbhonn – 21 cigireacht.

### Rialú Bruscair

- Eisíodh 220 fíneáil sa bhliain 2011
- Baineadh 3 cinn d'fheithiclí tréigthe agus 5 fheithicil dhóite sa bhliain 2011. De bhreis air sin, bhain 15 áitritheoir fónamh as ár seirbhís le go mbainfí feithicil a bhí ag deireadh a shaoil

### Rialú Cáilíochta Aeir

Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seo ar fáil ar bhonn gníomhaireachta (FSS).

- 1 stáisiún monatóireachta aeir i bhFine Gall ag tomhas cháilíocht an aeir. Tugann an stáisiún seo sonraí fíorama ar PM10 agus NOx agus tá seo ina chuid den Líonra Réigiúnach Monatóireachta Cháilíocht an Aeir.
- Glacadh le Plean nua áisiúil Bainistithe Cháilíocht an Aeir i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas.
- Rinneadh iniúchadh ar 91 gearán sa bhliain 2011

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

### Rialú Torainn

Rinne Oifigigh Sláinte Comhshaoil iniúchadh ar ghearáin.

- Fuarthas 147 gearán a bhain le torann sa bhliain 2011.
- Cuireadh tús le Mapáil Torainn do Chontae Fhine Gall go léir sa bhliain 2011 agus cuirfear seo i gcrích sa bhliain 2012.
- Caithfidh sealbhóirí tí gearáin chónaithe a thabhairt go díreach chuig an gCúirt Dúiche faoi Alt 108 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil am 1992.

### Rialú Madraí & Capall

- Gabhadh 485 madra agus tugadh 60 don phóna madraí sa bhliain 2011.
- Cuireadh ceadúnais ar fáil le haghaidh 6420 madra i bhFine Gall sa bhliain 2011 agus den líon sin eisíodh 1233 de na ceadúnais ar líne
- Cuireadh 161 capall i bpóna na Comhairle sa bhliain 2011.

### Rialú truaillithe uisce

- Seoladh clár ceadúnaithe saille, ola agus gréisceadh (SOG) ar fud an chontae le linn 2011 chun rialú a dhéanamh ar sceitheadh isteach i séaraigh ó áitribh a ullmhaíonn bia agus a bhfuil an baol ann go dtarlódh forsceitheadh ó shéaraigh isteach sa chomhshaol.
- Dul chun cinn leanúnach ar chur i bhfeidhm chlár oibreacha na Creat-treorach Uisce chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce.
- Ó na suirbhéanna feirme a rinneadh ar Abhainn Mhata, Sruth an Mhuilinn agus Abhainn Thoir sainaithníodh deiseanna chun laghdú ar an bhféidearthacht go dtarlódh truailliú.

### Pleanáil Forfheidhmiúcháin

Tugann pleanáil cheart & forbairt inbhuanaithe le fios gur chóir go mbeadh ar gach ceadúnas pleanála a bheith ann nó díolúine a bheith aige faoi na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt, 2000 go dtí 2010. Déanann an Chigireacht monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí maidir le géilliúlacht do chead pleanála. Déantar iniúchadh freisin ar uiríll a dhéantar chuig an rannóg i ndáil le forbairtí neamhúdaraithe agus glactar bearta forfheidhmiúcháin más gá.

### Rialú Tógála

Is é príomhchuspóir na Rialachán Foirgníochta ná soláthar do shláinte, sábháilteacht agus leas na ndaoine i bhfoirgnimh agus mórthimpeall orthu. De bhreis air sin, soláthraíonn na rialacháin do riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas i ndáil le foirgnimh agus le haghaidh chaomhnú breosla agus fuinnimh. Bíonn an fhreagracht phríomhúil reachtúil a bhaineann le breathnóireacht na riachtanas sna hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990-2007 ar na daoine a dhearann agus a thógann na foirgnimh agus ar úinéirí na bhfoirgneamh, arb iad a chuireann tús leis an bpróiseas seo de ghnáth.

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR



**Sábháilteacht na Struchtúr agus na hÁiteanna**

Tá sé de chumhacht ag an gCigireacht faoi fhorálacha an Achta um Láithreáin Dhearóile, 1990 úinéir nó áitritheoir na talún a stiúradh, trí mheán fógra, ar talamh dearóile í nó ar talamh í a bheidh dearóil, bearta a ghlacadh a mheasann sé is gá chun é a chosaint ó theacht le bheith ina láithreán dearóile nó leanúint de bheith ina láithreán dearóile. Féadtar úsáid a bhaint as an Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 chun dul i ngleic le haon chúiseanna imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le struchtúir nó áiteanna a mbeadh forbairtí/eastáit neamhchríochnaithe iontu.

## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA NA CIGIREACHTA

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Líon na mBardach Bruscair | 6 | 6 | 6 |
| Líon na bhfíneálacha Bruscair Eisithe | 1220 | 1,111 | 1,397 |
| Líon na bhfíneálacha bruscair íoctha | 504 | 591 | 708 |
| Luach Iomlán na bhfíneálacha bruscair íoctha | 82,851 | 91,570 | 109,260 |

**Gearáin Chomhshaoil**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon Iomlán na nGearán | 1,786 (133 WMA) & (1653 LPA) | 3,587 | 4,511 |
| Líon iomlán na ngearán a ndearnadh iniúchadh orthu | 1763 | 3,314 | 4,189 |
| Líon na mbeart forfheidhmiúcháin glactha | 33 | 45 | 72 |

**Rialacháin um Pacáistiú Dramhaíola** (e.g. pacáistiú nó clárú ceadúnais)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na mball den lucht gnó Repak | 300 | 350 | 342 |
| Líon na nGnó atá féinghéilliúil (le Comhairle Contae Fhine Gall) | 20 | 19 | 20 |

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

| **Gearáin a bhain le truailliú uisce:** | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Líon na ngearán/dtarlú/sainaitheanta | 54 | 37 | 52 |
| Líon iniúchta | 60<br>(Lena n-áirítear tugtha ar aghaidh ó. 2010) | 37 | 52 |
| Líon na ngearán a réitíodh gan aon ghá le beart breise | 45 | 31 | 39 |
| Líon na ngnás foirmiúil (Alt12) a glacadh | 4 | 1 | 7 |
| Líon na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh | 0 | 0 | 0 |
| Ionchúisimh a cuireadh i gcrích go sásúil | 0 | 0 | 0 |

| **Forfheidhmiúcháin Phleanála** | | | |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na gcásanna pleanála faoi réir gearáin a ndearnadh iniúchadh orthu | 324 | 322 | 466 |
| Líon iomlán na gcásanna pleanála faoi réir gearáin a díbheadh | 150 | 144 | 150 |
| Líon iomlán na gcásanna pleanála faoi réir gearáin a d'imigh trí chéim na litreach rabhaidh | 122 | 124 | 223 |
| Líon na ngnás forfheidhmiúcháin pleanála a tugadh ar aghaidh chuig fógraí forfheidhmiúcháin | 49 | 76 | 85 |
| Líon na n-ionchúiseamh pleanála | 9 | (8) | (1) |
| (Dúiche – A157) | 28 | (15) | (13) |
| (Ard-Chúirt/Cúirt Chuarda – A.160) | 27 | (23) | (4) |

| **Rialú Foirgníochta** | | | |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua ar cuireadh fógraí ar fáil maidir leo don údarás áitiúil | 373 | 535 | 564 |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua ar cuireadh fógraí ar fáil maidir leo don údarás áitiúil agus a ndearnadh cigireacht orthu | 37 | 65 | 73 |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar cuireadh fógraí ar fáil maidir leo don údarás áitiúil | 11 | 12 | 13 |
| Líon iomlán gach áitribh ar lorg an tÚdarás Rialaithe Foirgníocht Deimhniú BER ina leith | 169 | 340 | 302 |
| Líon na nDeimhniúchán BER a cuireadh isteach mar fhreagra | 125 | 109 | 106 |

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Líon na nDeimhniúchán Rochtana Míchumais a ndearnadh Measúnú orthu | 225 | 245 | n/a |
| Líon na nEastát ar liosta na bhforbairtí/na n-eastát tithíochta le bheith críochnaithe (Bunaithe ar shuirbhé 2011 RO) | 152 | n/a | n/a |
| Líon na bPleananna Réitigh láithreáin | 15 | n/a | n/a |

**Tógáil i gCúram**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na n-eastát a tógadh i gcúram sa bhliain i gceist | 21 | 32 | 25 |
| Líon na n-áitreabh i ndáil le heastáit a tógadh i gcúram | 3499 | 3574 | 2046 |
| Cm de bhóithre i ndáil le heastáit a tógadh i gcúram | 17238 | 22364 | 16000 |
| Líon na ngearán faoi láithreáin dhearóile/dhainséaracha a ndearnadh iniúchadh orthu | 52 | 64 | 73 |
| Líon na láithreán dearóile ar chlár na láithreán dearóile | 1 | 1 | 1 |

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

## AN RANNÓG PÁIRCEANNA & MAOINE OIDHREACHTA

An phríomhfhreagracht atá ar an Rannóg Pháirceanna & Maoine Oidhreachta ná bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar mhór-pháirceanna agus maoin oidhreachta faoi úinéireacht Chomhairle Contae Fhine Gall. Áiríonn seo 2,000 acra (800 Ha.) de pháirceanna deartha agus de thírdhreacha. Tá an rannóg seo freagrach freisin as tithe stairiúla, gairdíní agus dáileadh talún ar fud an Chontae. Tá an Rannóg seo freagrach freisin as forbairt agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar Phlean Bithéagsúlachta na Comhairle.

### Bithéagsúlacht

Chuir an Rannóg chun cinn 9 gcinn de thionscadail faoin bPlean Bithéagsúlachta le linn 2011 lena n-áirítear 2 phríomhthionscadal léiriúcháin (1) feirmeoireacht le haghaidh fiadhúlra agus (2) bainistiú. De bhreis air sin, d'áirigh tionscadail ardphróifíle tuilemhá an tionscadail um scaoileadh an cúir ria agus tionscadail chun an phatraisc liath a thabhairt ar ais.

### Forais Fhine Gall – Straitéis Crann

Lean an obair ar aghaidh ar chur i bhfeidhm Straitéis Crann Fhine Gall le suirbhéanna crann déanta ar Pháirceanna agus Spásanna Oscailte.

### Áiteanna Fáis

Cuireadh i bhfeidhm Tionscnaimh Áiteanna Fáis Fhine Gall i spásanna oscailte Fhine Gall. Le linn 2011 cothaíodh breis is 300 acra mar mhóinéir de bhláthanna fiáine, agus formhór seo i bpáirceanna móra réigiúnacha.

### Diméin Sheantrabh

Lean na hoibreacha chun athchóiriú a dhéanamh ar an Diméin seo lena n-áirítear obair cur plandaí agus garraí daingean agus bhí grúpa pobail áitiúil páirteach ann.

### Páirc Réigiúnach Ghleann na Life – Oibreacha Feabhsúcháin San Caitríona

Cuireadh tús le hobair ar Chúrsa Gailf Par 3 ag San Caitríona agus ar chruthú banraí le haghaidh bheostoc an Diméin .

### Diméin Mhullach Íde


Cuireadh chun cinn mórscéim le cúnamh deontais ag Diméin Mhullach Íde le linn 2011 agus tráth a bheidh sé i gcrích beidh feabhsúcháin shuntasacha déanta ar an gCaisleán, ar na Gairdíní Lusanna agus ar Shaoráidí do Chuairteoirí.

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

**Geadáin**

Coinníodh geadáin phoiblí ag Baile an Phaoraigh, Baile Átha Cliath 15 angus Tuirbhe, Domhnach Bat.

Osclaíodh geadáin nua sna Sceirí agus anois tá 670 geadán ann san iomlán.



**Páirceanna Réigiúnacha arna mBainistiú agus arna gCothabháil:**

- Diméin Ard Giolláin, Baile Bhrigín
- Diméin Mhullach Íde, Mullach Íde
- Teach agus Diméin an Droichid Nua, Domhnach Bat
- Diméin Sheantrabh
- Páirc Réigiúnach Ghleann na Life – San Caitríona

**Áiteanna & Imeachtaí le haghaidh Cuairteoirí**

- Reáchtáladh mórchoirm cheoil leis an amhránaí “Prince” ag Diméin Mhullach Íde i mí Iúil agus d’fhreastail tuairim is 20,000 duine ar an gceolchoirm seo.
- Gairdíní Lusanna Talbóidigh atá lonnaithe ar thailte Chaisleán Mhullach Íde (cuirtear turais threoraithe ar fáil gach tráthnóna Céadaoin ó mhí Aibreáin go dtí mhí Dheireadh Fómhair)
- Teach an Droichid Nua, Domhnach Bat (cuirtear turais threoraithe ar fáil ó mhí Aibreáin go dtí mí Dheireadh Fómhair)
- Mheall an Fheirm Thraidisiúnta atá lonnaithe i nDiméin an Droichid Nua a lán cuairteoirí. Bhí siopa caife ar oscailt don phobal sa Droichead Nua.
- Caisleán Ard Giolláin, reáchtáladh sraith de thaispeántais agus d’imeachtaí le linn na bliana ag an gCaisleán
- Bhí Garraí Daingean Victeoiriach agus Gairdín na Rós agus Bailiúchán Náisiúnta de Thoir Potentilla ag Diméin Ard Giolláin ar oscailt don phobal agus bhí siopa caife ar oscailt freisin.
- Reáchtáladh sraith ranganna éagsúla i gCaisleán agus Gairdíní Ard Giolláin i rith na bliana.
- Bhí an-tóir i measc an phobail áitiúil agus chuairteoirí ar Ionad Oidhreachta Muilte Na Sceirí agus an seomra tae atá ar an láthair maille leis an siopa ceardaíochta.
- Ionad Gailf Fhaiche an Leamháin, Caisleán Cnucha (Cúrsa Gailf le 18 bpoll, cúrsa gailf dhá mhaite 18 bpoll agus le raon gailf 24 Bá)
- Dumhach Ghailf Corballis, Domhnach Bat (dumhach ghailf poiblí). Osclaíodh trí pholl nua gailf agus an ceathrú poll a athailíneadh, don phobal i mí Bealtaine 2009.
- Diméin Mhullach Íde. (Galfchúrsa 9 bpoll par 3 agus Cúrsa Gailf Dhá Mhaide).
- Cuireadh drámaí seanré ar siúl sa gharraí daingean ag Caisleán Ard Giolláin agus Teach an Droichid Nua.

- Cuireadh clóis súgartha ar fáil i bpáirceanna móra i nDiméinte Ard Giolláin, Mhullach Íde, an Droichid Nua & Sheantrabh.

#### Tionscadail athchóiriúcháin

- Lean an obair ar athchóiriú Chaisleán agus Chill Bhrí Mhóír, Baile Bhrigín, i gcomhar le FÁS.
- Lean an obair athchóiriúcháin ag Caisleán Shord agus bhí fionnachtana suimiúla Seandálaíochta ar taispeáint ag bealach isteach an Chaisleáin.

#### Cur Crann

- Reáchtáladh Seachtain Náisiúnta agus Lá Náisiúnta na gCrann i mí an Mhárta agus leanadh leis an gcomhoibriú le scoileanna áitiúla agus le Comhairle Crann na hÉireann.
- Cuireadh crainn ar 5 Acra de choillearnach le cúnamh ó Chomhairle Crann na hÉireann agus IKEA.

#### Forbairt ar Spásanna Oscailte

- Leanadh le tógáil i gcúram na spásanna nua oscailte le linn na bliana.
- Tógadh i gcúram páirc mhór nua 100acra (40Ha.) ag Tailte an Ráschúra i mBaile Dúill.

## AN RANNÓG UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tacaíonn an Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíocht le forbairt struchtúrtha Fhine Gall trí phleanáil a dhéanamh le haghaidh mórthionscadal agus bainistiú a dhéanamh orthu ar tionscadail iad a chuireann go dearfach le forbairt leanúnach eacnamaíoch an chontae. Cuireann an rannóg chun cinn cruthú fostaíochta trí bheith ag obair i gcomhpháirt le gnóthaí éagsúla, le Cumainn Lucht Tráchtála, leis an ÚFT agus le Fiontraíocht Éireann chun forbairt eacnamaíoch a dhaingniú. Cuireann an rannóg chun cinn an comhordú idir Bord Forbartha Contae Fhine Gall, FÁS, Bord Fiontar Contae Fhine Gall agus institiúidí tríú leibhéal lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITBB) agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (ÓCBÁC).

#### Pleanáil Eacnamaíoch, Margaíocht & Cur Chun Cinn Fhine Gall

Cuireadh tús le hobair sa bhliain 2011 chun forbairt a dhéanamh ar straitéis nua eacnamaíochta le teacht i gcomharba ar an gceann atá ann faoi láthair arna hullmhú i gcomhar leis an mBord Forbartha Contae - "Connecting people, places and prosperity – an Economic Strategy for Fingal 2006 - 2011". Féachfar, leis an Straitéis nua Eacnamaíoch agus Fiontar 2012 – 2017 forbairt a dhéanamh ar réimsí príomha straitéiseacha lena n-áirítear cruthú fostaíochta, forbairt scileanna agus tacaí agus seirbhísí d'fhiontair.

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

Is éard atá sa suíomh gréasáin www.fingalworks.ie ná acmhainn ar líne chun eolas a sholáthar dóibhsean atá ag lorg poist, do ghnóthaí nuabhunaithe, do ghnóthaí reatha, d'infheisteoirí agus dóibhsean a bhfuil spéis acu gnó a dhéanamh i bhFine Gall. Cuireann www.fingalworks.ie eolas sonrach ar fáil faoi leas sóisialach, iomarcaíocht, airgeadas do ghnóthaí, oiliúint, meantóireacht, staidéir féidearthachta agus taighde agus forbairt ar bhealach éasca le rochtain.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ina ball de Bhord 'The Green Way' agus tá baill ón Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíocht ina mbaill den Fhoireann Forfheidhmiúcháin. Déanann Green Way a dhícheall forbairt a dhéanamh ar Shaincheantair Eacnamaíochta Ghlasa ag gabháil le pleanáil agus infheistiú reatha bonneagair, i gcás go bhfuil na rannpháirtithe uile – idir phoiblí is phríobháideach, Éireannach agus idirnáisiúnta – ag obair i ndlúthchomhar lena chéile chun poist fhuinniúla in-athraithe a chruthú, fiontair a chruthú agus tógáil ar chomhinniúlachtaí ar mhaithe le nuálaíocht, athghiniúint agus aistriú.

Leanann Comhairle Contae Fhine Gall de pháirt a ghlacadh san Edge Cities Network a thug le chéile bailte agus cathracha ar imeall mhórchathracha na hEorpa ón mbliain 1996 i leith. Is é aidhm leanúnach an líonra seo ná réitigh agus dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a roinnt atá ag na háiteanna sna ballstáit éagsúla.

### Cur Chun Cinn na Turasóireachta

Sa bhliain 2011 bunaíodh Fóram Turasóireachta Fhine Gall agus i measc a fhoirne tá rannóga cuí ó Chomhairle Contae Fhine Gall, bainisteoirí Chaisleán Ard Giolláin, Teach & Feirm an Droichid Nua agus Muilte Na Sceirí, bainisteoirí Draíocht agus Ionad Shéamais Ennis agus bainisteoir Thurasóireacht Fhine Gall.

I measc na dtionscnamh a d'eascair as an bhFóram bhí comhstraitéis mhargaíochta le haghaidh trí cinn de mhaoin oidhreachta agus ullmhú Plean Straitéisigh le haghaidh gach maoine chun an t-uasfhónamh a bhaint as deiseanna eacnamaíochta agus fós féin ag cur san áireamh na riachtanais a bhaineann le caomhantas. Chomh maith leis sin, bunaíodh Suíomh Gréasáin na nImeachtaí ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall chun cur chun cinn a dhéanamh ar na himeachtaí a bhíonn ar siúl ag na hionaid éagsúla agus leanfar den obair sa bhliain 2012 chun feabhas a chur ar mhargaíocht na n-imeachtaí a bhíonn ar siúl mórthimpeall Fhine Gall.

Tá Straitéis don Chósta á forbairt freisin chun féiniúlacht láidir a chruthú do chósta Fhine Gall, eolas cuí a thiomsú faoi áiseanna atá ar fáil feadh an chósta agus chun plean cósta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le go gcuirfí síneadh leis na siúláin agus leis na raonta rothar.

De bhreis air sin, sa bhliain 2011 cuireadh tús le réamhphleanáil d'imeacht i mí Iúil 2012 dar teideal "Flavours of Fingal" i gcomhar le Turasóireacht Fhine Gall, le Feirmeoirí Fhine Gall agus le Teagasc. San imeacht seo déanfar ceiliúradh agus spreagfar feasacht ar thionscal talmhaíocht agus garraíodóireacht Fhine Gall agus tá trí théama aige – Feirm, Bia agus Spraoi don Teaghlach.

Lean an Chomhairle ag tabhairt tacaíocht airgeadais do riarachán agus oibriú Thurasóireacht Fhine Gall trí mheán a bhallraíochta ar an mbord agus páirt a ghlacadh i gcomhchláir trádála agus in aonaigh do thomhaltóirí, i bpromóisin i siopaí, i margaíocht spriocdhírithe, i gcaidreamh poiblí agus i bhfeachtais mhargaíochta dírí agus i dtreoracha turasóireachta www.fingalBaile Átha Cliath.ie

Lean an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíoch ag bainistiú tionscadail agus ag soláthar

tacaíochta do Thionscadal Athfhorbartha Chaisleán & Ghairdíní Mhullach Íde Castle. Cuireadh tús le hoibreacha tógála sa tionscnamh nua €10 milliún seo le linn na bliana 2011. Tá sé beartaithe athsheoladh a dhéanamh ar Chaisleán agus Gairdíní Mhullach Íde i mí an Mheithimh 2012 mar a bheifear ag tnúth le heispéireas dinimiciúil cuairteora le Turas nua mórthimpeall an Chaisleáin, oscailt Gharraí Daingean na Lusanna agus na plásóige thiar don phobal den chéad uair, agus beidh bialann agus eispéireas ardchaighdeáin miondíola á rith ag Avoca Handweavers. Beidh clós súgartha fairsing ann freisin. Chuir Comhairle Contae Fhine Gall agus Fáilte Éireann infheistiú €10 milliún ar fáil don tionscadal seo. Faoi láthair seo an tionscadal infheistíochta is mó ag Comhairle Contae Fhine Gall agus seo an tionscadal aonair infheistíochta turasóireachta is mó sa tír. Táthar ag tacú le suas le 100 post sa chéim foirgníochta agus tráth a bheidh sé ar oscailt, cruthófar 80 post breise in AVOCA Handweavers a rithfidh caifé agus áis mhiondíola ar an láthair agus cruthóidh Oibreoir nua poist bhreise.

## PÁIRCEANNA TIONSCLAÍOCHA A FHORBAIRT AGUS A BHAINISTIÚ



Leanann an Chomhaire de bheith ag forbairt Páirceanna Tionsclaíocha sna háiteanna seo a leanas: Baile Dama, Ceapaí, Baile Stiofáin, Páirc Ghnó an Bhá agus Páirc Ghnó agus Theicneolaíochta an Choláiste, Baile Bhlainséir.

### Páirc Thionsclaíoch Bhaile Dama

- Tá 38 gnólacht ag feidhmiú sa Pháirc seo.
- Tá 18 heicteár bhreise ann le diúscairt.

### Eastáit Thionsclaíoch Chúil Mhín

- Tá 55 gnólacht beag ag feidhmiú laistigh de 12.14 heicteár.

### Tailte Tionsclaíocha Cheapaí

- Tá 13 heicteár de thalamh ar fáil le diúscairt.

### Páirc Thionsclaíoch Bhaile Siofáin, Baile Bhrigín

- Tá 7 gcuideachta ag feidhmiú sa Pháirc.
- Faoi láthair tá Plean don Dearadh Uirbeach á ullmhú de réir Phleananna Limistéir Áitiúil Bhaile Siofáin, Chloch Ruairí agus Chluain Iorairt.
- Tá 10 n-acra de Thailte Tionsclaíocha Ginearálta ar fáil le diúscairt.

### Ionad Fiontar, Sord

### Páirc Ghnó an Bhá, Baile Bhrigín

- Tá a n-aonaid féin ag Oifig na bPasanna, Bridgestone Ireland, agus 22 dream eile sa Pháirc seo.

# COMHSHAOIL, GNÓ & FIONTAR

**Páirc Ghnó & Theicneolaíochta an Choláiste**

- Comhfhiontair le I.D.A. Ireland.
- Tá An Institiúid Teicneolaíochta, Digiweb agus creis ag feidhmiú ar pháirc de 93.07 heicteár.

**Lanistown, Tuirbhe**

- 40 heicteár de Thalamh Tionsclaíoch ar an R132 laistigh de 1 chiliméadar den M1 ag halla an Leasáin.
- Tá ionad mór loighistice á fheidhmiú ag TESCO ann.

**Forbairt agus Bainistiú a dhéanamh ar Ionaid Fiontar le haghaidh Gnóthaí Nuabhunaithe**

D'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall trí cinn d'Ionaid Fiontar sa Chontae. Tá an ceann is nua, Ionad Fiontar Dhraighneáin, i Sord agus d'oscail a dhoirse le linn 2010. Cuireann an dá ionad fiontar eile, BASE i Mullach Eadrad agus BEaT i mBaile Bhrigín spás ar fáil do ghnóthaí nuabhunaithe maille le saoráidí oiliúna do ghnóthaí sna réimsí seo. Faoi láthair táthar ag tacú le breis is 65 gnó agus 250 post sna trí ionad fiontar seo.

## BORD FORBARTHA FHINE GALL

Feidhmíonn Bord Forbartha Fhine Gall (BFFG) faoi scáth an Údaráis Áitiúil mar Bhord ilghníomhaireachta. De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001 an fheidhm atá aige ná comhtháthú a dhéanamh ar iarrachtaí reachtúla, státurraithe agus iarrachtaí na hearnála deonaí forbairt a dhéanamh ar an gcontae. Féachann an BFC go sonrach le seirbhísí na ngníomhaireachtaí stáit agus státurraithe a sholáthar. Le linn 2011 lean an BFC ag cur i bhfeidhm a Straitéis le haghaidh 2009-2012 – "Building a Better Fingal". Baintear cur i bhfeidhm praiticiúil na straitéise seo amach trí 12 ghrúpa oibre atá tacaithe ag foireann ó Chomhairle Contae Fhine Gall:

- An Coiste um Chuimsiú Sóisialta
- Invest Fingal – An Coiste um Fhorbairt Eacnamaíochta
- Fóram Fhine Gall le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas/Inrochtaineachta
- Grúpa Idirghníomhaireachta Fhine Gall ar son an Lucht Siúil
- Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall
- Mol Sonraí Fhine Gall
- Comhairle na nÓg Fhine Gall
- Coiste Seirbhísí Óige Fhine Gall
- Fóram Comhtháite Iompair Fhine Gall
- Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Bhaile Átha Cliath
- An Tionscnamh 'Age Friendly' d'Fhine gall
- Flavours of Fingal

De bhreis ar na 12 théama straitéiseacha arna sonrú sa Straitéis seo glacann foireann na Stiúrthóireachta páirt i roinnt coistí a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasa agus chlár oibre polasaí Bhord Forbartha Fhine Gall.

# AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

Bunaíodh an Rannóg Oibríochtaí go luath sa bhliain 2011. Cuimsíonn an Rannóg nua formhór fheidhmeanna na Rannóige Iompair mar a bhí maille le spásanna oscailte poiblí, trídhreachú, cothabháil crann agus bailiú bruscair i ngach limistéar poiblí. Áiríonn sé freisin freagracht as tránna agus cuanta.



Mar thoradh ar chónascadh na bhfeidhmeanna, a bhí scagtha amach roimhe seo, tá deiseanna ann cláir oibreacha a fhorbairt a thagann le gníomhaíochtaí sceidealaithe ar an bhféilire agus mar sin is féidir fóir níos fearr a bhaint as an gcionnroinnt acmhainní daonna ar bhealach níos solúbtha ná mar a bhí cheana.

### Iompar

Tá Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as bainistiú agus gluaiseacht daoine, feithiclí, ainmhithe agus earraí ar bhealach sábháilte, éifeachtach, tíosach ó thaobh airgid de ó áit go háit laistigh d'Fhine Gall trí mheán an chórais de bhóithre poiblí.

Na príomhphíosaí reachtaíochta cumasúcháin ná:

- Acht na mBóithre 1993 - 2007
- Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2008
- Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt) Acts 2000 – 2011

### An Próiseas Iompair/Raon Seirbhísí

Déanann Contae Fhine Gall soláthar le haghaidh raon seirbhíse, feabhsúchán, cothabháil agus soilsiú na mbóithre atá ann faoi láthair, cur i bhfeidhm na mbeart bainistithe tráchta agus oibriú na coda sábháilte  agus na seirbhíse bardach scoile. Feidhmíonn an Rannóg Oibríochtaí mar ghníomhaire don Údarás Náisiúnta Bóithre (ÚNB) do bhainistiú an Líonra Náisiúnta Bóithre a áiríonn bealaí an M1, M2 agus N3, i bhFine Gall. Tá an Rannóg freagrach freisin as tógáil i gcúram na mbóithre nua, dúnadh sealadach agus buan na mbóithre, fodhlíthe a cheapadh i ndáil le bóithre agus limistéir bhainteacha (e.g. teorainneacha luais, áiteanna páirceála etc.).

### Trácht

Déileáladh le raon leathan saincheisteanna faoi rialú tráchta, pleanáil tráchta agus bainistiú tráchta;

- Bainistiú Éilimh Taistil, chun cur chun cinn a dhéanamh ar bhunphrionsabal na roghanna inbhuanaithe atá ann ar úsáid an chairr, i.e. áiseanna páirceáil agus taisteal, siúl, rothaíocht, agus pleananna bainistithe soghluaisteachta etc.
- Soláthar agus cothabháil soilse tráchta
- Comharthaí agus marcáil péinte/líneáil ar an líonra bóithre.

# AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

- Moilliú tráchta agus scéimeanna bainistithe, arb iad a gcuspóir ná feabhas a chur ar shábháilteacht do choisithe, maolú ar bhrú tráchta, feabhas a chur ar inrochtaineacht d'úsáideoirí bóithre a bhfuil lagú soghluaisteachta acu, agus bainistiú a dhéanamh ar pháirceáil níos éifeachtaí.
- Éascú a dhéanamh ar sholáthar an Líonra de Lánaí Bus don Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)
- Tá Taisteal Níos Cliste ina pholasaí Rialtais le haghaidh iompair in Éirinn. "Smarter Travel, "A Sustainable Transport Future, A New Transport Policy for Ireland 2009 – 2020", agus ag gabháil leis tá "Ireland's First National Cycle Policy Framework". An cuspóir leis an tionscadal seo ná forbairt a dhéanamh ar bhealach a chothóidh modhanna inbhuanaithe iompair. Cuireadh i gcrích cosán do choisithe/rothaithe sa bhliain 2011 idir Baile Bhrigín agus Baile an Ridire. Tá sé beartaithe cosán a chur isteach idir Baile Bhrigín agus Na Sceirí sa bhliain 2012

| **Gnéithe Tráchta sa bhliain 2011** | **Sonraí** |
|---|---|
| Comharthaí Tráchta | 101 (91 ar Chianchóras Monatóireachta) |
| Comharthaí do Choisithe | 89 (81 ar Chianchóras Monatóireachta) |
| Trasrianta Túcánacha | 26 (13 ar Chianchóras Monatóireachta) |
| Comharthaí don Bhardach Scoile | 22 |
| Trasrianta | 3 |
| Geataí Bus | 2 |

### Tionscadal um Iompar Inbhuanaithe

LB Chaisleán Cnucha – i gcrích 2011

Bealach Bhaile an Huntaigh – i gcrích 2011

Scéim Bainistithe Tráchta ag Stáisiún Traenach Chluain Saileach– tógáil i gcrích 2011

Rochtain do Choisithe agus Rothair ag Stáisiún Traenach Na Sceirí– tógáil i gcrích 2011

Athdhromchlú R132 – Ascaill Sheantrabh – Baile an Dairdisigh – tógáil i gcrích 2011

Athdhromchlú R132 – Clochrán – Cnoc Pheannóg – tógáil i gcrích 2011

Scéim do Choisithe agus Rothar ar Sheanbhóthar Hansfield (Céim 1) – tógáil i gcrích 2011

Bealach do Choisithe/Rothair ó Bhaile Bhrigín go dtí Baile an Ridire – tógáil idir lámha

### Íoc agus Taispeáin

Leanadh ag feidhmiú go héifeachtach na Scéimeanna Íoc agus Taispeáin do bhailte Mhullach Íde, Bhaile Bhrigín, Na Sceirí and Shord and An Rois agus tabharfar isteach scéim nua ag Cluain Saileach/Geata an Phóirtéara.

# AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

### Cothabháil Bóithre

Bhí clár ar bun ag an Rannóg Oibríochtaí a fheidhmíonn ó Iostaí ag Baile Bhrigín, Sord agus Cúil Mhín le linn 2011 a chuimsigh athdhromhchlú, cóiriú dromchla, daingniú, oibreacha faoisimh tuilte, máchailí a cheartú ó chaitheamh agus cuimilt agus deisiúcháin lintreog ar bhóithre na tíre arb iadsan ba mhó a raibh gá acu le deisiú. Tá deisiú geimhridh ina bhunchuid shofaisticiúil, den chlár oibríochtaí, ag cuimsiú na tréimhse ó thús na Samhna go dtí deireadh Aibreáin. Rinneadh Mapáil Theirmeach ar an bpríomhbhóthar agus bunaithe ar na léamha ó stáisiúin atá lonnaithe go straitéiseach go háitiúil feadh na mbealaí, sonraí a chuirtear isteach i gcóras ríomhaireachta, déanann an t-údarás áitiúil salannú/leathadh grin réamhchúraim dá réir.



### An Rannóg Mheicniúil agus Leictreach

Rinne an Rannóg Mheicniúil bainistiú ar chabhlach de bhreis is 250 feithicil agus gléasra a bhain le Cothabháil Bóithre, Seirbhísí Uisce agus seirbhísí Comhshaoil sa bhliain 2011 agus rinne seo óna iostaí deisithe feithiclí i Sord agus sa Chúil Mhín. Bhí an rannóg seo freagrach freisin as cothabháil na stáisiún caidéalaithe agus na n-ionad cóireála.

Le linn 2011, rinne an Rannóg Leictreach cothabháil ar 32,300 solas poiblí ar fud Fhine Gall.

### Sábháilteacht ar Bhóithre

Rinne an Rannóg Oibríochtaí bainistiú ar Sheirbhísí Bardach Scoile. B'ionann líon iomlán na mBardach fostaithe sa bhliain 2011 agus 95 bardach lánaimseartha agus 43 bardach cúltaca. Tá bainistiú agus cothabháil an chláir Bardach Scoile ina ghné thábhachtach den Chlár um Shábháilteacht ar Bhóithre agus rinneadh seo le linn na bliana 2011 ar na bealaí seo a leanas:

- Oiliúint, maoirseacht agus riarachán a chur ar fáil do Bhardaigh Fhásta Scoile
- Oiliúint agus maoirseacht ar dhaltaí a bhíonn i mbun na seirbhíse sóisearaí bardach scoile
- Cothabháil na marcálacha ag trasrianta scoile
- Cigireacht agus cothabháil ar throscán agus comharthaí ag trasrianta scoile
- A chinntiú go bhfuil gach trasrian ag cloí le ceanglais reachtúla agus leis an gcleachtas is fearr
- Seimineár bliantúil oiliúna do bhardaigh scoile

# AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

Leanadh leis an tSábháilteacht ar Bhóithre le linn 2011 ar na bealaí seo a leanas:

- Eolas/ábhar feachtais, bileoga eolais, criosanna muinchille, agus pinn luaidhe le teachtaireachtaí faoi shábháilteacht orthu
- Cúrsa oiliúna do rothaithe
- Cainteanna oideachasúla i scoileanna
- Cúrsa oiliúna do bhardaigh shóisearacha scoile
- Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre, Lá Siúl ar Scoil
- Seó um Shábháilteacht ar Bhóithre do dhaltaí na idirbhliana
- Cur chun cinn ar bhealaí sábháilte chuig an scoil agus cur chuige ilghníomhaireachta i ndáil leis an mbus ag siúl
- Maidineacha Bike for your Breakfast i scoileanna
- Imeachtaí rothaíochta agus gluaisrothaíochta le linn Sheachtain Sábháilteachta Pobail
- Laethanta COW agus WOW le linn na Seachtaine Glaise

## PRÍOMHSTRAITÉISÍ

| Fad Bóthair de réir Catagóire | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Bóithre Náisiúnta lena n-áirítear mótarbhealaí | 60Cm | 60Cm | 60Cm |
| Bóithre Réigiúnacha | 225Cm | 225Cm | 225Cm |
| Bóithre Áitiúl | 1019Cm | 1002Cm | 976Cm |

**Táscairí Seirbhíse**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh le haghaidh dromchlú bóithre | €3.0 | €3.2 | €5.2 |
| Céatadán na mBóithre Áitiúla agus Réigiúnacha a cóiríodh (in aghaidh an mhéadair chearnaigh de bhóthar) | 1.6% | 1.4% | 1.1% |

# AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

## RIARACHÁN

### Cruinnithe míosúla Choiste Limistéir Áitiúil Rannán Riaracháin na Rannóige le haghaidh Bhinn Éadair/Mullach Íde, Chaisleán Cnucha/Mullach Eadrad agus Bhaile Bhrigín/Sord

Le linn 2011, rinne an rannán riaracháin déileáil leo seo a leanas:

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar Chead Slí/ Iarratais Chumarsáide, Oscailt Bóithre Iarratais ar Cheadúnais | 328 | 393 | 392 |
| Iarratais ar Dhúnadh Sealadach Bóithre | 39 | 31 | 21 |
| Iarratais ar Dheimhniúcháin Tógáil i gCúram | 329 | 357 | 303 |
| Iarratais ar Cheadúnais Mínormálta Talún | 331 | 417 | 565 |

## COMHSHAOL

**Tránna & Uisce Snámha**

- Bronnadh Brat Gorm ar Phort Mearnóg agus Port Reachrann
- Bronnadh Gradaim Cósta Ghlais ar 6 thrá; Port Mearnóg, Mullach Íde, Domhnach Bat, Port Reachrann, An Ros Theas agus Na Sceirí Theas.

9 trá ainmnithe ag soláthar conláiste áineasa luachmhar.

- o Baile Bhrigín, Na Sceirí South, Loch Sionnaigh, An Ros Theas, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhiontain (Bóthar an Choinicéir).
- o Glanadh tránna.
- o Áiseanna rochtana.
- o Monatóireacht rialta ar shamplaí de sháile chun a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais um Cháilíocht Uisce Snámha.

Bhí 36 garda tarrthála fostaithe i 10 gcinn de stáisiúin ó mhí an Mheithimh go dtí deireadh mhí Lúnasa 2011.

# AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

### Cuanta

Cothabháil ar áiseanna loingseoireachta ag Baile Bhrigín, Na Sceirí, Loch Sionnaigh agus Mullach Íde.

Chuir An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia , oibreacha feabhsúcháin ar fáil lena n-áirítear;

- Deisiúcháin ar an bhfánán i Mullach Íde
- Uasghrádú ar shoilsiú poiblí agus ar sheirbhísí ag Chuan an Rois
- Athdhromchlú ar an dromchla pábháilte sa ché bhunaigh ag Cuan Na Sceirí
- Baint na duimhche trá ag bealach isteach Chuan Bhaile Bhrigín

### Reiligí

Tá 35 cinn de reiligí a ndéanann Comhairle Contae Fhine Gall oibriú agus bainistiú orthu.

- I lár 2011 cuireadh i gcrích an próiseas reachtúil d'fhorbairt na reilige nua ag Baile an Phléimeannaigh, Baile Bhrigín. Cuireadh tús le forbairt i mí an Mheithimh 2011 agus tá sé beartaithe bheith i gcrích go luath sa bhliain 2012.

### Áiseanna Poiblí

Cothabháil ar 15 áis phoiblí – 7 gcinn ar oscailt ar feadh na bliana agus 8 gcinn atá ar oscailt i rith an tsamhraidh.

# AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

## PÁIRCEANNA

Tá an Rannóg Oibríochtaí freagrach go príomha as pleanáil, bainistiú agus cothabháil roinnt de na 2500 acra (1012 Ha.) de spás oscailte poiblí i bhFine Gall. Déanann an Rannóg bainistiú ar pháirceanna comharsanachta agus ar áiseanna spóirt ar fud an Chontae.



Cuireann an Rannóg deiseanna fairsinge áineasa agus fóillíochta ar fáil d'áitritheoirí Fhine Gall agus do chuairteoirí a thagann chuig Fine Gall. Déanann sé cothabháil freisin ar thuairim is 140acra (57 Ha) d'imill uirbeacha fhéaraigh agus ar limistéir imeallacha ar fhormhór an líonra de mhótarbhealaí sa Chontae.

- Rinne an Rannóg Oibríochtaí cothabháil ar 32 clós súgartha i suíomhanna éagsúla ar fud Fhine Gall.
- Rinne an Rannóg Oibríochtaí cothabháil ar 145 páirc imeartha do raon spórt foirne lena n-áirítear Iománaíocht, Camógaíocht, Haca, Peil Ghaelach, Sacar, Rugbaí agus Peil Mheiriceánach.
- Bhí 5 pháirc imeartha uile-aimsire ar fáil sna háiteanna seo Baile Bhrigín, Na Sceirí, Gleann na hAbhann An Chorr Dhubh, Baile Bhlainséir agus Gort na Giolcaí, Mullach Íde.
- Cuireadh tailte cruicéid ar fáil ag Diméin Mhullach Íde, ag Páirc an Bhaile, Baile Bhrigín agus ag Baile an Phóirtéaraigh.
- Bhí 12 Limistéir Ilúsáide Cluichí ar fáil ar fud an Chontae.
- Rinneadh cothabháil ar pháirceanna scátála ag Baile Anraí agus Páirc na Mílaoise, Baile Bhlainséir.
- Bhí Faiche Babhlála á riar ag Club Babhlála Na Sceirí i bPáirc an Bhaile, Na Sceirí.

### Cur Crann agus Maisiú Sibhialta

- Reáchtáladh Seachtain Náisiúnta agus Lá Náisiúnta na gCrann i mí an Mhárta agus leanadh ag comhoibriú le scoileanna áitiúla agus le Comhairle Crann na hÉireann d.
- Cuireadh i gcrích an clár bliantúil de chur crann agus tor agus leabú séasúrach agus cur agus cothabháil crann sráide.
- Cuireadh Crainn Nollag ar fáil ag 15 shuíomh agus cuireadh saoráidí Athchúrsála Crann Nollag ar fáil ar fud an chontae